

Ag Titim Siar




ombudsman
do leanaí
for children

Cearta an linbh in Éirinn


Oifig an Ombudsman do Leanaí
Tuarascáil Bhliantúil 2022





Oifig an Ombudsman do Leanáí
Teach na Milaoise
52–56 Sráid na Trá Mhór
Baile Átha Cliath 1
D01 F5P8

T: 01.865 6800
E: oco@oco.ie
www.oco.ie
🐦 @OCO_Ireland



Clár na nÁbhar

Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanáí	4
Maidir Linn	5
1. Staidreamh agus Buaicphointí an OCO	6
2. Cas-Staidéir	12
3. Idirphlé dearfach maidir le Coiste na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Linbh	24
4. Oideachas	26
5. Measúnuithe agus seirbhísí, lena n-áirítear áiteanna i scoileanna do leanáí faoi mhíchumas	30
6. Sláinte	34
7. Tithíocht & Lóistín	36
8. Cearta na leanáí atá ag teacht go hÉirinn a chur chun cinn	38
9. Teaghlach agus Cúram	40
10. Tuairimí Leanáí	41
11. Leanáí sa Chóras Dlí agus Cirt	50
12. Cearta an Linbh sa Timpeallacht Dhigiteach	52
13. Bochtaineacht i measc Leanáí	53
14. Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta	54
15. Athbhreithniú ar an Acht OCO	55
16. Cearta an linbh a phrómhshruthú sa bheartas náisiúnta	56
17. Reáchtáil na hOifige	58



Dr Niall Muldoon
Ombudsman do Leanaí

Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí

Sa bhliain 2022, dhírigh roinnt mhaith d'obair m'Oifige ar nós imeachta monatóireachta agus tuarascála an Choiste NA um Chearta an Linbh. Is deis shárluachmhar é an próiseas ríthábhachtach seo, a bhíonn ar siúl gach cúig nó sé bliana, iarraidh ar Stát na hÉireann míniú a thabhairt maidir lena fheidhmíocht ó thaobh cearta an linbh de. Cuireann na Tuairimí Deiridh, a foilsíodh níos luaithe i mbliana, go leor ar fáil don Rialtas le machnamh a dhéanamh orthu agus tugann siad faoi deara cuid mhaith de na fadhbanna a luaigh an OCO trínár dtuarascáil eile agus tuarascáil na leanaí Codanna Dinn. Is é an príomhtheachtaireacht domsa a thagann ó na Tuairimí Deiridh ná go bhfuil Éire ag titim siar maidir le cearta an linbh.

I measc roinnt réimse imní don Choiste, bhí an córas meabhairshláinte do leanaí in Éirinn, an caighdeán maireachtála agus méadú ar leanaí atá i ngreim ag an mbochtaineacht in Éirinn, chomh maith leis na bacainní atá roimh leanaí na hÉireann maidir leis an oideachas. Cé go bhfuil geilleagar chun tosaigh ag Éirinn, agus go ndeir ár dTaoiseach go bhfuil sé ag iarraidh go mbeadh Éire mar an tír is fearr san Eoraip le bheith i do leanbh, ach nílimid ansin go fóill ar chor ar bith agus faoi láthair, táimid ag titim siar ón áit inar cheart dúinn a bheith. Go deimhin, tugann an ráiteas sin ón Taoiseach le fios go bhfuil laghdú ag teacht ar an mian mar a dúirt iar-Thaoiseach Enda Kenny sa bhliain 2014 go raibh sé ag iarraidh go mbeadh Éire mar an tír bheag is fearr le fás aníos.

D'aithin ár dTuarascáil Bhliantúil Tástáilte i leith Teach Aniar an brú agus na deacrachtaí a bhí ag leanaí le linn na paindéime Covid 19 agus ag teacht amach ón dianghlasáil. Sa bhliain

2022, chonaiceamar an tionchar a d'imir an tréimhse seo ar leanaí in Éirinn, go háirithe maidir leis an meabhairshláinte. Cuireadh ceist orm a bheith mar chomhairleoir ar chearta an linbh don Choimisiún Meabhair-Shláinte maidir lena athbhreithniú neamhspleách ar Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS). Táimid ag fanacht ar an tuarascáil deiridh ón gCoimisiún, ach fiú ar bhonn na méide atá ar eolas againn cheana féin, níl dabht ar bith ann go bhfuil an córas mar atá thar a bheith mífheidhmiúil agus níl sé sainoiriúnaithe. Ciallaíonn sé sin, anuas ar an ngéarchéim costais maireachtála agus an cás éigeandála tithíochta, go bhfuil na mílte leanaí in Éirinn ann atá ag streachailt, nach bhfuil na tacaíochtaí agus seirbhísí atá ag teastáil uathu á bhfáil acu, agus i roinnt cásanna nach bhfuil a riachtanais bhunúsacha a gcomhlíonadh.

Anuas air sin, tá go leor leanaí ag teacht go hÉirinn ón Úcráin, agus codanna eile den domhan, agus cosaint agus sábháilteacht ón dochar á lorg acu. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach a aithint nach bhfuil sé in am anois an luas a mhoilliú maidir le dul chun cinn a dhéanamh ar chearta an linbh. Anois an t-am ár ngealltanais do leanaí a athdhúbailt agus sochaí a chruthú a leagan amach an caighdeán is airde ina bhfuil an deis ag gach leanbh barr a gcumas a bhaint amach.

Tá tríocha bliain tar éis imeacht ó a dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, ach fós níl sé glactha isteach inár ndlíthe. Níl a fhios againn fós an méid airgid atá á chaitheamh ag an Stát ar leanaí, agus níl na sonraí atá ag teastáil chun acmhainní a chur ar fáil do leanaí á dtuairisciú go sásúil, mar sin níl bealach ar bith ar fáil le taispeáint cé chomh fada taobh thiar de agus atá muid. Níl na gníomhaireachtaí agus na ranna, a oibríonn go díreach le leanaí agus a thacaíonn le roinnt dár ndaoine is leochaillí, ag obair le chéile ar an mbealach is éifeachtúla nó is feidhmiúla agus atá siad in ann, agus tá grúpaí áirithe leanaí fós ann atá ag titim siar níos mó; leanaí faoi chúram, leanaí sa chóras dlí agus cirt, leanaí faoi mhíchumas, leanaí i ngreim ag an mbochtaineacht, leanaí LADTA+, leanaí gan dídean, leanaí an Luchta Siúil agus na Romach agus leanaí ag lorg tearmainn in Éirinn.

Tá roinnt rudaí maithe ag tarlú, áfach. Déanfaidh bunú Aonad Bochtaineachta do Leanaí agus forbairt chlár na mbéilí scoile difríocht do leanaí in Éirinn atá i ngreim ag an mbochtaineacht. Is céim dhearfach é an clár píolótach a d'fhógair an Roinn Oideachais a fheicfidh tacaíocht meabhairshláinte teiripe ar fáil i roinnt scoileanna le dul i ngleic le riachtanais meabhairshláinte leanaí, ach ní leor na beartais seo ina n-aonar chun dul i ngleic leis na fadhbanna a luaigh an Coiste um Chearta an Linbh, agus muid féin san OCO agus eagraíochtaí leanaí eile, le lucht déanta polasaithe.

Tá níos mó ioncam á thabhairt isteach ag an Stát ná riamh roimhe seo, ach níl an t-ioncam sin á úsáid acu chun dul i ngleic leis an mbearna atá ag leathnú idir na daoine a bhfuil tacaíocht acu agus na daoine sin nach bhfuil tacaíocht acu – ní hé sin an bealach cearta an linbh a chosaint. I mí Mheán Fómhair seo caite, d'fhógair an Rialtas leathnú iontach €11 billiún ar an mbuiséad don bhliain 2023, ach go dtí seo, níl sé seo dírithe i dtreo príomh-thacaíochtaí agus bonneagar atá ag teastáil ó leanaí – rudaí ar nós seirbhís oibre sóisialta náisiúnta do leanaí nó rochtain dheimhin ar shainmheasúnú do leanaí atá i riocht lámh a chur ina mbás féin thar an deireadh seachtaine.

Bliain ghnóthach a bhí sa bhliain 2022 d'Oifig an Ombudsman do Leanaí, agus méadú eile ar líon na bhfoirne seasta. Tá ár bhfoireann ag forbairt agus ciallaíonn sé sin go bhfuilimid in ann freagra a thabhairt ar na gearáin atá ag teacht chugainn atá ag éirí níos casta, chomh maith leis sin is féidir linn oideachas a chur ar níos mó leanaí faoina gcearta, is féidir linn teagmháil dhíreach a dhéanamh le tuilleadh leanaí agus is féidir linn ár saineolas ar chearta an linbh maidir le réimse leathan fadhbanna a chur ar fáil.

Sa bhliain 2022, thosaíomar comhrá faoi Dhéagóirí atá i mBaol; daoine óga atá iad féin, a dteaghligh agus a bpobail á chur i mbaol ar go leor cúiseanna. Chuir ár dtuarascáil Plean le haghaidh Áiteanna, leis an iarracht ar reachtaíocht éigeandála chun áiteanna oiriúnacha i scoileanna atá gar dá dtithe a chur ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais

speisialta oideachais acu. Chonaic an tuarascáil leanaí Codanna Dinn teagmháil le 5,515 leanbh i suirbhé náisiúnta ar líne agus 200 leanbh i ngrúpaí fócais. Le linn na bliana 2022, d'óstálar Beyond Limits, dhá imeacht do leanaí faoi mhíchumas agus a dteaghligh agus d'fhreastail os cionn 1,000 duine air i Luimneach agus Sligeach. Tháingamar os comhair an Oireachtais ar sheacht n-ócáid agus chuireamar comhairle ar fáil maidir le réimse leathan fadhbanna, lena n-áirítear máthairionadaíocht idirnáisiúnta. Níl anseo ach roinnt sampla de na cineáil tionscadal is féidir linn tabhairt faoi, mar eagraíocht níos mó, chun tionchar ar bhealach dáiríre ar mhaithe leis na leanaí a imirt

Maidir Linn

Institiúid um chearta an duine is ea Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) a chuireann cearta agus leas leanaí agus daoine óga faoi 18 mbliana d'aois atá ina gcónaí in Éirinn chun cinn.

Déanann an OCO imscrúdú ar gearáin faoi sheirbhísí a sholáthraíonn eagraíochtaí poiblí do leanaí. Tá an tseirbhís saor in aisce agus neamhspleách. Is é Niall Muldoon an tOmbudsman do Leanaí.


1

Staidreamh agus Buaicphointí an OCO

Líon iomlán na ngearán:

1,812

Sa bhliain 2021, fuaireamar 2,126 gearán, bhain 908 díobh le Covid. Ní gnáth-ghearáin a bhí sna gearáin sin, nuair a smaoiníonn tú ar chúinsí na paindéime. Dá bhrí sin, is é 2022 ár mbliain is gnóthaí maidir le gearáin ó bunaíodh an oifig.



Gearánach	Céatadán na nGearán
Tuismitheoir	83%
Gairmí/Eagraíocht	5%
Eile/Anaitnid	4%
Teaghlach Sínte	3%
Duine fásta neamhghaolmhara	3%
Leanbh	2%

Gearáin maidir le hoideachas

Is earnaíl fós é an t-oideachas ina bhfaighimid formhór na ngearán maidir le heispéiris leanaí ar scoil nó maidir le cúrsaí oideachais níos leithne. I measc na saincheistanna is coitianta faoina ndéantar gearáin tá bulaíocht, díbirt nó cur ar fionraí, acmhainní oideachais speisialta agus rochtain ar iompar scoile.

Sláinte

Is é ceann de phríomhábhair na ngearán faoi shláinte a fhaighimid ná leanaí ag fanacht ar sheirbhísí sláinte agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na moilleanna sin ar cháilíocht a mbeatha agus ar a bhfoláine. Baineann a lán gearán freisin leis an dóigh a ndéanann ospidéal na gearáin a fhaigheann siad a bhainistiú.

Tusla

I measc roinnt de na saincheistanna a luaitear i ngearáin faoi Tusla tá an dóigh a ndéanann siad cumarsáid le húsáideoirí na seirbhíse agus lena dteaghlaigh, an dóigh a bpléann siad le gearáin, oibríthe sóisialta, tacaíochtaí do theaghlaigh, tacaíochtaí do chúramóirí altrama, iarchúram do dhaoine óga agus iad ag fágáil cúraim, áiteanna céime síos dóibh siúd atá ag fágáil cúraim chónaithigh agus shábháilte agus measúnuithe aoise do mhionaoisigh neamhthionlactha a thagann isteach sa tír.

Ceartas

Bhí méadú ann ar ghearáin a bhaineann le Ceartas in 2023 go príomha mar gheall ar ghearáin faoi na nithe a leanas: pasanna agus soláthar díreach agus cóiríocht éigeandála, aistriú, athaontú teaghlaigh, imní faoi shábháilteacht, cóiríocht neamhoiriúnach á cur ar fáil do mhionaoisigh neamhthionlactha, rochtain ar chúram sláinte, fadhbanna maidir le bia, príobháideachas, rochtain ar oideachas, difríocht sa dóigh a gcaitear leo siúd ó chodanna éagsúla an domhain atá ag iarraidh tearmainn, rochtain ar thacaíochtaí in ionaid choinneála, tacaíochtaí dóibh siúd atá ag freastal ar Chúirt chun cuidiú leo a mbealach a dhéanamh trí phróisis na cúirte agus trí cheistanna dlí, agus láimhseáil gearán.

Údarás Áitiúil

Baineann gearáin faoi údaráis áitiúla leis na nithe a leanas: easpa dídine agus rochtain ar chóiríocht éigeandála, rochtain ar thithíocht oiriúnach, liostaí feithimh le haghaidh tithíochta, tacaíochtaí do chóiríocht don lucht taistil agus rochtain ar chóiríocht don lucht taistil atá iomchuí ó thaobh an chultúir de.


Airgeadas

Bhain gearáin faoi airgeadas le liúntais agus le tacaíocht airgeadais, go príomha liúntas míchumais, liúntas leanaí agus liúntas cúram baile.

Eile

Seo iad gearáin a dhéantar a atreorú nó nach bhfuil faoinár sainchúram.

Céatadán na nGearán



Cear dlanna Ceart

40
scoil

1,126
leanbh

Tháinig siad ó Bhaile Átha Cliath, Cill Dara, Gaillimh, Uíbh Fháilí, Tiobraid Árann, Cill Mhantáin, an Iarmhí, Loch Garman, Dún na nGall, Ros Comáin, Corcaigh, an Lú agus an Mhí.

OCO online



Leantóirí ar Instagram

3,478

Amhairc ar leathnaigh ar
an suíomh gréasáin

121,119

méadú 10% ar 2022

Leantóirí ar Twitter

11,956

méadú 8% ar 2022

Ár tvuíteanna is coitianta



Ombudsman for Children @OCO_ireland

TODAY'S THE DAY!

We're ready to go here at the Knocknaree Arena in Sligo! 🎉

Make sure to tune in online at [BeyondLimits.ie](https://www.beyondlimits.ie) from 11am to hear all of our incredible speakers! 😊

#BeyondLimits

0:06 · 4,141 views

9:25 AM · Oct 1, 2022

Ombudsman for Children @OCO_ireland

Today marks International Day of People with Disabilities #IDPWD2022

At Child Talks 2022, Sophia told us all about the challenges she faces as a young wheelchair user and the changes she wants to see in the world for people like her.

I'm from Marino in Dublin and I'm going to be talking about inaccessibility

2:11 9,299 views

11:02 AM · Dec 3, 2022

Ombudsman for Children @OCO_ireland

'I became more socially awkward. I don't know how to talk to new people'

Our survey, No Filter, hears directly from children for the first time on how they feel the Covid pandemic affected their everyday lives.

Here's more of what they had to say 📌

oco.ie/library/no-fil...

0:35 18.9K views

2:06 PM · Apr 20, 2022



Postálacha is mó ar Instagram

ombudsman do leanaí for children

The OCO Covid Survey

The OCO is carrying out a school survey with children about how they feel Covid impacted their lives.

If your school would like to take part email communications@oco.ie. It's time to hear from children!

For more information, click the link in our bio.

57w

wildwoods wanderer You'll see the

View insights Boost post

Liked by frannyraven and 31 others

FEBRUARY 28, 2022

Add a comment... Post

BEYOND LIMITS

Free family event – empowering children with disabilities

Fun, Inclusive, Inspirational

Sligo – 1st October
Knocknaree Arena, ATU Sligo
Hosted by Paddy Smyth

Limerick – 15th October
University of Limerick Arena
Hosted by Eilish Keane

Speakers
Katie George Dunleavy, Eive McCrystal, Colman Vactor, Jack Kavanagh and more

Entertainment
Derek Ryan, Dancing with the Stars' John Nolan

Workshops & Activities
Yoga, Quiet Space, Drama, Gaming Station, Art, Music, Cooking

Get your tickets at [beyondlimits.ie](https://www.beyondlimits.ie)

ombudsman do leanaí for children

ombudsmanforchildren We're SO EXCITED to announce that Beyond Limits, the OCO's event for children with disabilities and their families is back and coming to Sligo and Limerick on October 1 and 15.

Hosted by Paralympic Champion @keane_ellen and activist @paddy Smyth Beyond Limits will be jam packed with fun for all the family. Tickets are free but limited www.beyondlimits.ie

35w

View insights Boost post

Liked by nationalparentsCouncil and 49 others

JULY 28, 2022

Add a comment...



OCO san Oireachtas

Eanáir 2022

Fochoiste an Oireachtais um Meabhairshláinte chun Scéim Ghinearálta an Bhille Meabhairshláinte (Leasú) 2021 a phlé

Feabhra 2022

Comhchoiste an Oireachtais ar Oideachas, Ardoideachas agus Breisoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht ar an mBille Oideachais (Ligeán Isteach i Scoileanna) 2020

Márta 2022

Comhchoiste an Oireachtais um Achainíochas Poiblí ar Tuarascálacha Bliantúla OCO 2018-2020

Márta 2022

Comhchoiste an Oireachtais um Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige ar Mheasúnú ar Riachtanais

Bealtaine 2022

Chomhchoiste an Oireachtais um Máthairionadaíocht Idirnáisiúnta

Meitheamh 2022

Comhchoiste an Oireachtais um Oideachas, Ardoideachas agus Breisoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht ar thacaíochtaí oideachais do leanaí ón Úcráin in Éirinn

Samhain 2022

Comhchoiste an Oireachtais um Oideachas, Ardoideachas agus Breisoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht ar thacaíochtaí meabhairshláinte i scoileanna agus oideachas tríú leibhéal

OCO in the News



Agallamh ag an mbord ar Prime Time ar RTÉ chun ár bPlean le haghaidh Áiteanna a phlé.

Bhí OOL ina páirtí ag stáisiúin raidió i Sligeach (Ocean FM) agus i Luimneach (Live 95) maidir le 'Beyond Limits'



Niall Muldoon



Ní theastaíonn ó Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu ach go gcaithfí leo go cothrom

Trácht os comhair an eagarfhocail (OpED) sa Sunday Independent

2

Cas-Staidéir

Ciaran – Tacaíochtaí do leanaí a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta acu

Chuaigh tuismitheoirí Ciaran i dteagmháil dúinn i mí Márta 2022, mar bhí siad buartha nach raibh an cúnamh agus tacaíocht a bhí ag teastáil uaidh á fháil ag Ciaran, a bhí 14 bliana d'aois ag an am. Bhí diagnóis NHEA ar Chiaran agus d'imir an diagnóis seo tionchar ar iompar Ciaran uaireanta. Bhí sé ag freastal ar chlár tacaíochta lasmuigh den scoil chun cabhrú leis a iompar a bhainistiú níos fearr. Thosaigh sé sa mheánscoil agus chuir a thuismitheoirí an scoil ar an eolas faoi riachtanais speisialta oideachais Ciaran.

Ní raibh Plean Oideachais Aonair nó Plean Tacaíochta Foghlama i bhfeidhm do Ciaran ag an scoil chun cabhrú leis déileáil leis an athrú go dtí meánscoil. Níor aithníodh é mar scoláire ardriosca maidir le polasaithe na scoile. Bhí roinnt mion-eachtraí a bhain leis an iompar ag Ciaran go luath i ndiaidh é an scoil a thosú. I ndiaidh eachtra eile, mhol an príomhoide don Bhord Bainistíochta go gcuirfí Ciaran amach as an scoil. Sheas an Bord Bainistíochta le moladh athbhreithnithe go gcuirfí ar fionraí é ar feadh 17 lá.

Rinne tuismitheoirí Ciaran an cinneadh Ciaran a tharraingt amach as an scoil ag an bpointe seo, mar cheap siad nach raibh na tacaíochtaí a bhí ag teastáil uaidh á bhfáil aige. Bhog

Ciaran go scoil lasmuigh dá cheantar áitiúil a bhí deacair taisteal ann. Bhí ar Ciaran a bheith ina chónaí lena sheantuismitheoirí sa chéad bhaile eile le linn na seachtaine ionas gur féidir leis freastal ar an scoil nua. Chuir an scoil nua straitéisí agus tacaíochtaí i bhfeidhm do Ciaran, agus tá sé faoi bhláth sa scoil. Fuair sé roinnt buntáistí as a dheai-iompar ó shin. Ach, ceapann Ciaran go bhfuil sé deacair gan a bheith ina chónaí lena thuismitheoirí agus tá sé ag iarraidh dul ar ais go dtí an scoil eile le bheith in éineacht lena chairde.

Rinne tuismitheoirí Ciaran gearán foirmeálta leis an scoil, ach dúradh leo nach féidir gearáin a dhéanamh ach amháin faoi scoláirí atá cláraithe sa scoil sin. Rinne siad achomharc in aghaidh sin leis an mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO), a bhí ar an liosta mar bhealach achomhairc maidir le nós imeachta gearán na scoile. Dúirt an BOO le tuismitheoirí Ciaran go raibh botún déanta ag an scoil nuair a chuir siad an BOO ar an liosta mar rogha le haghaidh achomharc a dhéanamh agus sheol siad ar ais iad go Bord Bainistíochta na scoile chun achomharc a dhéanamh ar a ngearán. Ní bhfuarthas freagra ón mBord.

Dúirt tuismitheoirí Ciaran leis an OCO nár smaoinigh an scoil ar agus níor thacaigh siad le Riachtanais Speisialta Oideachais Ciaran nuair



a chláraigh sé leis an scoil. Dúirt siad go gcuireadh cód iompair na scoile i bhfeidhm ar Ciaran ar an mbealach céanna agus a dhéantar le leanbh nach raibh Riachtanais Speisialta Oideachais acu.

Cad a Rinneamar

Scríobhamar chuig an Bord Oideachais agus Oilíúna (BOO) chun réiteach áitiúil a fháil ar an ngearán a spreagadh. Dúirt siad linn gur iarr siad ar an scoil an mheicníocht achomhairc BOO a bhaint dá bpolasaí gearán. Bhuail siad leis na tuismitheoirí agus leis an scoil as féin, agus rinne siad athbhreithniú ar gach taifead agus polasaí ábhartha. Luaigh an scoil roinnt idirghabhálacha a cuireadh i bhfeidhm chun athrú Ciaran a thacú go dtí an scoil agus dúirt siad go raibh siad tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar a bpolasaithe mar chuid den phróiseas Féinmheastóireacht na Scoile (SSE).

An Toradh

Níor bhog Ciaran go scoil éagsúil sa deireadh. Chuir an BOO fáilte roimh an deis seo teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí Ciaran mar pháirtithe leasmhara san oideachas. D'aisíoc siad na costais a bhaineann le bogadh scoile le tuismitheoirí Ciaran agus ghabh siad a mbuíochas leo as dul i ngleic leis na fadhbanna a bhí ag Ciaran sa scoil.

Tá polasaithe agus nósanna imeachta na scoile de réir treoracha na Roinne anois, agus comhlíonann an scoil na polasaithe agus nósanna imeachta sin anois.

Moilleanna le Pas Leanáí

Sa bhliain 2022, fuair an OCO 327 gearán faoi mhoilleanna le hiarratas a dhéanamh ar phasanna céaduaire do leanaí. Tháinig roinnt mhaith de na gearáin sin ó chónaitheoirí i dTuaisceart Éireann. Bhí daoine ag dul i dteagmháil linn ag déanamh gearáin faoi:

- Theip ar Oifig na bPasanna pas(anna) a eisiúint do leanbh (leanaí) laistigh dá dtréimhsí molta féin
- Easpa freagartha ó Oifig na bPasanna ar cheisteanna faoi stádas iarratas a linbh (leanaí)
- Meicníocht gearán easnamhach chun imní faoin seirbhís a lua m.sh. próiseas gearán cóip crua amháin.

Bhí tuismitheoirí a chuaigh i dteagmháil linn trína chéile, mar ní raibh a fhios acu an raibh siad chun pasanna a fháil dá leanaí chun críocha taistil. Ní raibh siad in ann eolas a fháil ó Oifig na bPasanna ach oiread.

Cad a rinneamar

Mar gheall ar leibhéal ciaptha a bhí ag teaghligh, bhuaileamar le hOifig na bPasanna go luath i mí Meithimh. Luamar na ceisteanna a fuaireamar agus an tábhacht a bhain le teagmháil dhíreach á déanamh ag Oifig na bPasanna le gearáin chun uasdátú a thabhairt dóibh go pras agus go héifeachtach. D'iarr an OCO go ndéanfar athbhreithniú chomh luath is a tháinig laghdú ar an riaráiste, mar ní raibh meicníocht ar bith i bhfeidhm d'iarrthóirí gearán foirmeálta a chur isteach maidir leis an seirbhís a fuair siad. Aontaíodh go rachadh Oifig na bPasanna i dteagmháil leis an OCO ar bhonn seachtainiúil.

An Toradh

Fuair an OCO uasdátuithe seachtainiúla ó Oifig na bPasanna maidir leis na pasanna a seoladh amach agus iad sin a bhí ar feitheamh mar gheall ar fhadhbanna le cáipéisí. Chuir go leor gearánach muid ar an eolas go bhfuair siad a bPasanna. Thugamar faoin bhfadhb maidir le cumarsáid le teaghligh a fheabhsú agus tuigimid go bhfuil ráta freagartha 100% ann anois ar gach ceist ar an bhfón nó trí ríomhphost. D'iarramar ar uasdátú chomh maith maidir leis an mbealach a bhainistíonn Oifig na bPasanna a ngearán anois agus tuigimid go bhfuil córas nua ar líne le teacht a bheidh i bhfeidhm sa bhliain 2023.

Steve – Tusla, An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach Déagóirí atá i mBaol

Is buachaill 14 bliana d'aois é Steve a bhfuil NHEA agus ASD air. Dúirt a mháthair linn gur theip ar Tusla tacaíochtaí riachtanacha agus socrúchán as baile a bhí ag teastáil uaidh mar gheall ar a iompar inníoch a chur ar fáil do Steve.

Mhínigh a mháthair go raibh Steve ina leanbh séimh, ciúin suas le trí bliana ó shin agus bhí sé ag freastal ar oideachas príomhshrutha le tacaíochtaí breise tríd an scoil agus seirbhísí míchumais FSS.

Le cúpla bliain anuas, faraor, d'éirigh Steve foréigneach agus trodach lena theaghlach agus le daoine eile. Stop sé ag freastal ar scoil agus lá i ndiaidh lae, chodail sé amuigh ar na sráideanna, áit ina raibh sé gan chosaint ó fhírinní an óil, drugaí, foréigin, féindochair agus dúshaothrú gnéasach. Tháinig Steve ar aire na seirbhísí andúile, CAMHS, na nGardaí agus na gCúirteanna. Rinneadh roinnt fógraí um chosaint agus leas leanaí le Tusla ag na seirbhísí sin agus faoi chúinsí Steve.

Cad a rinneamar

Chuamar i dteagmháil go foirmiúil le Tusla thar ceann Steve agus a mháthair agus dúradh linn go raibh an ghníomhaireacht ag obair go gníomhach leis an gcás seo agus thionóil siad “Meitheal”, cur chuige atá ann chun leanaí a chabhrú a bhfuil tacaíocht ó níos mó ná seirbhís amháin ag teastáil uathu. Cuireadh in iúl dúinn, áfach, gur chuireaspa suímh slán sábháilte ar féidir lóistín a thabhairt do Steve, áit ar féidir a riachtanais a mheas agus dul i ngleic leo, bac ar iarrachtaí chun idirghabhálacha agus tacaíochtaí a chur ar fáil. Mhol Tusla nach mbeadh cúram altrama ná cúram cónaithe mar shocrúcháin chuí do Steve mar gheall ar a iompar, ach gur diúltaíodh d'iarratas ar Chúram Speisialta.

Mhol Tusla gur cheart Steve a chur ina chónaí in óstáin agus ó am go ham in “Airbnbs”. D’fhan sé i stáisiúin Gardaí agus i Seomraí Éigeandála in ospidéal chomh maith, mar gheall ar a chúinsí anordúla.

Toradh

D’aontaigh Tusla gur cheart dul i ngleic le himní mháthair Steve faoina mheicníocht láimhseála gearán, “Abair Linn” ionas gur féidir le Tusla machnamh a dhéanamh ar an mbealach a chuathas i ngleic leis an gcás go dtí seo. Bhí siad ag iarraidh a fheiceáil cad a d’fhéadfadh siad a fhoghlaim ón gcás agus aon teip a aithníodh a chur ina cheart.

Déagóirí atá i mBaol

Níl cúinsí Steve ar leith, faraor. D’fhoghlaim ár n-Oifig faoi leanaí eile a bhfuil riachtanais chomh casta acu go bhfuil bainistíocht agus comhordú cúramach idir seirbhísí ag teastáil uathu, áit ar féidir teacht ar mhaoiniú go héasca i gcásanna éigeandála. Tá aithne againn ar na leanaí sin trínár n-oifig gearán agus ónár n-obair for-rochtana i gCampas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibrigh. Tá aithne againn orthu chomh maith ó na tuarascálacha ar an Tionscadal Tuairiscithe um Dlí an Chúraim Leanaí, an Painéal Náisiúnta Athbhreithnithe agus an Rapóirtéir Speisialta maidir le Cosaint Leanaí. Is leanaí iad seo ar bhain tráma dóibh le linn a n-óige agus bíonn siad ag streachailt mar dhéagóirí. Is minic a dhéantar dúshaothrú gnéasach orthu, bíonn siad sa chóras dlí coiriúil mar dhéagóirí, bíonn siad faoi chúram speisialta mar gheall ar a n-iompar fiontraíochta féin, déantar dúshaothrú coiriúil orthu ag dronganna cóiriúla agus d’fhág siad an scoil gan cáilíochtaí.

As ár dtaithí féin, is iad seo a leanas na téamaí coitianta atá feicthe againn:

1. Ní féidir le tuismitheoirí, go háirithe máithreacha, seirbhís a aimsiú chun a leanbh a choinneáil sábháilte. Léiríonn na leanaí seo iompar foréigneach lena dtuismitheoirí agus daoine eile sa bhaile.
2. Bhí cuid de na leanaí seo curtha isteach agus amach as cúram Tusla trí shocrúcháin dheonacha a shíniú a dtuismitheoirí. Is minic a bhriseann na socrúcháin seo síos go tapa, áfach, agus d’fhéadfadh an leanbh a bheith ina chónaí i lóistín do dhaoine gan dídean.

3. Le déanaí, fuairéamar amach nach bhfuil an dóthain socrúchán cónaithe agus cúraim speisialta ann, agus dúirt Tusla linn go gcuirtear leanaí i lóistín neamhrialaithe go minic, ar nós óstáin, Airbnb nó tithe leaba agus bricfeasta agus baill foirne na gníomhaireachta curtha ar an láithreán.
4. Ní féidir le roinnt mhaith daoine óga a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte orthu agus nach bhfuil socrúchán seasmhach acu, rochtain a fháil ar sheirbhísí ar nós CAMHS nó cúram príomhúil.
5. Is minic a chuireann na tuismitheoirí glooch ar na Gardaí maidir le iompar foréigneach duine óig. Is beag is féidir leis na Gardaí a dhéanamh sna cásanna seo, go háirithe nuair atá fadhbanna meabhairshláinte i gceist. Cuireadh sé sin in iúl le déanaí ag taighde ón Údarás Póilíneachta.

I mí na Nollag 2022, d'óstáil an OCO comhrá comhstádais chun freagraí féideartha idir-rannacha agus tras-seirbhíse a mheas don ghrúpa seo de dhéagóirí ata i mbaol riosca. Thacaigh na Ranna Leanaí, Sláinte, Díl agus Cirt agus Oideachais leis an imeacht seo. Bhí bainisteoirí agus ionadaithe sinsearacha comhlachtaí reachtúla agus gníomhaireachtaí nach ón Rialtas i láthair. Leanann an obair seo ar aghaidh sa bhliain 2023, mar gheall ar ár n-ímní leanúnach maidir leis an ngrúpa leanaí seo.

Tuilleadh critéar do tuismitheoirí aonair gan dídean – Tithíocht Údaráis Áitiúil

Le linn na bliana, fuairéamar roinnt gearán faoi Údarás Áitiúil ag cur critéir bhreise agus mhíchothroma i bhfeidhm ar tuismitheoirí aonair a bhí ag lorg tithíochta. I ngach cás, diúltaíodh lóistín éigeandála do na tuismitheoirí, mar bhí siad ina gcónaí le duine muinteartha agus níor thug siad suas a dtionóntacht. Is éard a bhí i gceist leis an bhfadhb ná ní raibh na tuismitheoirí aonair seo mar thionóntaí na dtithe seo agus níorbh fhéidir leo an tionóntacht a thabhairt suas.

Is minic go raibh barraíocht daoine sna tithe seo agus dá bhrí sin, ní raibh siad oiriúnach do leanaí óga, agus bhí clistí i gcaidrimh

teaghlaigh agus bhog na tuismitheoirí amach mar thoradh air sin.

Chomh maith leis sin, bhreathnaigh sé go raibh an t-Údarás Áitiúil ag cur critéir bhreise i bhfeidhm chun an tairseach ar easpa dídine a chomhlíonadh dóibh siúd a chuir iad féin i láthair mar dhaoine gan dídean.

Cad a rinneamar

Tháinig na gearáin sin ó ionadaí a oibríonn le heagraíocht a chuireann seirbhísí comhairle dlí saor in aisce ar fáil. Réitigh na gearáin sin a thug siad chun cinn tríd an gcóras Cúirte, ach bhí fonn ar an ionadaí a imní a chur in iúl dúinn maidir leis na critéir bhreise a cuireadh i bhfeidhm ar theaghlaigh a bhí gan dídean.

Bhuaileamar leis an Údarás Áitiúil i mí Dheireadh Fómhair 2022 chun an t-ábhar seo a phlé, chomh maith le plé a dhéanamh ar na hacmhainní atá ann cheana do lóistín éigeandála agus tithíocht a chur ar fáil sa cheantar.

Dúirt siad linn go raibh an beartas ar na critéir bhreise faoi athbhreithniú agus ní raibh sé in úsáid idir an dá linn. Dúirt siad go raibh an beartas mar a bhí sé ag teacht ó easpa treoirilínte rialaithe chun lóistín éigeandála do dhaoine gan dídean a chur ar fáil, chomh maith le heaspa soláthair tithíochta chun lóistín a chur a fáil dóibh siúd ar an ngannchuid. Cheap an t-Údarás Áitiúil go raibh siad faoi bhrú aisteach an cás a bhainistiú gan acmhainní ar bith agus éileamh ag dul i méid i gcónaí. D'aontaigh siad, áfach, go gcuireadh na critéir bhreise i bhfeidhm gan údarás cuí agus ní úsáidfeadh siad as seo amach.

Toradh

Leasaigh an t-Údarás Áitiúil a bheartas maidir le lóistín a chur ar fáil do dhaoine gan dídean agus bhain siad na critéir cháilithe bhreise. Cé nach bhfuil an fhadhb easpa dídine socraithe aige seo go ginearálta, nó an fhadhb lóistín éigeandála do dhaoine gan dídean atá os comhair leanaí agus teaghlaigh, ciallaíonn sé nach mbeidh ualaí riaracháin á chur orthu siúd gan dídean.

John – Díolúintí Gaeilge

I mí Bealtaine 2022, chuaigh tuismitheoirí John, 16 bliana d'aois, i dteagmháil linn a bhí buartha faoi shláinte agus oideachas a mic mar gheall ar thionchar diúltach a d'imir staidéar na Gaeilge air. Bheartaigh scoil John agus an Coiste Achomhairc um Dhíolúintí ón nGaeilge nach raibh sé incháilithe do dhíolúine ón nGaeilge, in ainneoin a dhiagnóis ASD agus tuarascálacha agus moltaí gairmí ar a shon sin.

Tá imní throm ar John agus imríonn sé sin tionchar ar a chumas freastal ar scoil. Mar thoradh air sin, cuireadh John ar chlár ama laghdaithe ón tríú bliain ar aghaidh, agus lig an scoil dó gan an Ghaeilge a dhéanamh don bhliain sin. Le linn na hama seo, bhí John in ann teacht suas chun dáta le hábhair eile agus tháinig feabhas ar a thinreamh ar scoil. Chiollaigh sé sin, áfach, go mbeadh John níos faide siar sa churaclam dá mbeadh air staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge don sraith shinsearach.

Ciallaíonn diagnóis ASD John go bhfuil deacrachtaí próiseála céadfach aige, agus mar thoradh air sin, bhí sé trína chéile agus cuireadh bac ar a chumas déileáil le suíomh na scoile.

Tá fadhb shláinte ag John chomh maith agus d'imir sé sin tionchar diúltach air maidir lena thinreamh ar scoil agus d'imir an bhainistíocht péine tionchar ar a chumas díriú ar obair scoile. Mhínigh gairmithe é sin agus léirigh siad gur ghéaraigh sé ar an bpian tríd an imní breise a bhí ar John mar gheall ar staidéar na Gaeilge.

Chomh maith leis sin, bhí moill ar feadh i bhfad ag John maidir le Measúnú ar Riachtanais a fháil, mar gheall ar liostaí feithimh. Dá mba rud é go bhfuair John a dhiagnóis laistigh de na tréimhsí a bhíodhas ag súil leo, gheobhadh sé díolúine ón nGaeilge faoi na cúinsí atá leagtha amach sa Chiorclán Díolúintí ón nGaeilge ag an am.

Mhol gairmithe cliniciúla go mbainfeadh John leas as rochtain ar aonad ASD, ach níl aonad ASD ina scoil. Dá mbeadh an cás mar sin, gheobhadh John díolúine faoin gChiorclán

0053/2019. Creideadh, áfach, go mbeadh níos mó imní ar John dá mba rud é go gcláraíodh é i scoil speisialta nó scoil le haonad ASD.

Cad a Rinneamar

Scríobhamar chuig an Roinn Oideachais agus léiríomar cúinsí eisceachtúla chás John agus an bealach a imríodh tionchar suntasach ar leanaí cosúil le John trí chritéir agus srianta díana an Chiorcláin 0053/2019.

Chuireamar an cheist seo a leanas; cén chaoi a gcuireann an Roinn cásanna mar seo san áireamh; nuair atá diagnóis ASD mall i gceist agus/nó easpa Aonaid ASD, agus in ainneoin iarrachtaí is fearr an iarrthóra, ní fhreastalaítear orthu laistigh de chritéir cháilithe an Chiorcláin. Cheapamar go raibh sé seo ábhartha i bhfianaise na moilleanna atá ann do leanaí maidir le rochtain a fháil ar mheasúnú ar riachtanais.

Thug an Roinn faoi deara nár chuir John isteach ar, nó nár cuireadh ar an liosta feithimh é, le haghaidh clárú sa rang nua i scoil speisialta a bhí le hoscailt sa chéad scoilbhliain eile. Dúirt siad chomh maith, más rud é go glacadh le John le clárú sa scoil, tá an rang faoi riarachán Príomhoide éagsúil. Dúirt siad go bhféadfaí nach mbeadh sé oiriúnach do Phríomhoide a scoile reatha cinneadh a dhéanamh maidir le soláthar oideachais scoláire i scoil eile.

Chomh maith leis sin, dúirt an Roinn;

“Más rud é nach bhfuil na tuismitheoirí ag iarraidh go mbogann ‘John’ go dtí an scoil, nó mura bhfuil áit oiriúnach/ar fáil ann, ba cheart iad a chur ar an eolas nach bhfuil riachtanas ann tabhairt faoi scrúdú Gaeilge nó pas a fháil ann chun Ardteistiméireacht a bhaint amach.....mar atá le haon scrúdú na hArdteistiméireachta, is féidir le hiarrthóir cinneadh a dhéanamh gan tabhairt faoin scrúdú san ábhar sin. Dá mba rud é go raibh John chun tabhairt faoi staidéar na Gaeilge mar ábhar neamhscrúdaithe, d’fhéadfadh go dtiocfaidh laghdú ar an mbrú agus imní atá air agus bainfidh a staidéar ar na hábhair eile leas as.”

Ní rabhamar sásta leis an staid seo agus bhí inní orainn faoi dhoichte scéime nár ghlac cur chuige bunaithe ar an leanbh agus nár smaoinigh ar leas an linbh. Níor cheapamar ach an oiread gur réiteach sách maith a bhí ann a rá le leanbh gan freastal ar scrúdú, ach na ranganna sin fós ina chlár ama.



Toradh

Ina dhiaidh sin, bhuail an OCO leis an Roinn Oideachais maidir le hathbhreithniú ar an gCiorclán Díolúintí ón nGaeilge 0053/2019. Dúirt an Roinn gur bhain an chuid is mó de na fadhbanna a tháinig chun cinn le linn a phróisís athbhreithnithe le leanaí le riachtanais speisialta oideachais acu agus an mheicníocht achomhairc. Dúradh linn gur phléigh an ciorclán athbhreithnithe le leasanna is fearr gach linbh ar intinn. Aithníodh catagóir nua agus cuireadh i bhfeidhm í:

“Leanaí le riachtanais iomadúla agus leanúnacha – baineann an chatagóir seo le leanaí a bhfuil bacainní acu maidir le rochtain a fháil ar oideachas agus nach mbaineann siad le catagóir dhiagnóiseach. Tá sé mar aidhm ag an gcatagóir nua seo a bheith cóir cothrom agus níl sé bunaithe ar scileanna teanga an linbh ach oiread. Cruthaíodh an chatagóir seo le prionsabail lánpháirtíochta agus comhionannais ar intinn.

Tiocfaidh an fhianaise maidir le díolúine a fháil faoin gcatagóir seo ó shonraí bunaithe ar an scoil agus áireofar leis fianaise ar nós pleannanna tacaíochta foghlama agus socruithe sprice. Déanfar cinntí i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí/ caomhnóirí agus an leanbh.

Cuirimid fáilte roimh mhachnamh ar leas linbh mar chuid dá gCiorclán athbhreithnithe nua agus tá súil againn go gcabhróidh sé le leanaí eile cosúil le John.



Chloe – Tacaíocht CAMHS ag teastáil i ndiaidh na paindéime

Bhí géarchéim meabhairshláinte ag Chloe, a bhí 10 mbliana d'aois nuair a thosaigh an phaindéim Covid 19, agus bhí an ghéarchéim seo mar thoradh ar an bpaindéim. Bhí imní trom uirthi, oibseisiún le sláinteachas agus an-eagla uirthi roimh ionfhabhtú ar dtús. Dúirt tuismitheoirí Chloe linn nach raibh siad buartha faoi mheabhairshláinte Chloe roimhe sin. Nuair a tháinig fadhbanna Chloe chun cinn, lorg a theaghlach tacaíocht meabhairshláinte dí agus cuireadh ar aghaidh í chuig an bhfoireann CAMHS áitiúil. Chuaigh meabhairshláinte Chloe in olcas go tapa, faraor; tharraing sí siar go hiomlán ó shaol an teaghlach, d'éirigh sí trodach nuair a rinne a thuismitheoirí iarracht í a spreagadh rud éigin a dhéanamh. Stop sí ag ithe, chaill símeáchan go tapa, níor thug sí aire ar a fhéinchúram agus d'éirigh sí neamhchoinneálach. Cuireadh Chloe ar réim cógas frith-imní ag CAMHS, ach ba chosúil gur éirigh sí níos measa leis.

I mí Mheán Fómhair 2020, chuaigh teaghlach Chloe i dteagmháil leis an OCO. Tógadh isteach in ospidéal meabhairshláinte í i mí Lúnasa 2020 faoi chúram Péidiatraí, mar gheall ar a chailleadh meáchain tapa. Bhí sí andúshlánach d'fhoireann an ospidéil Chloe a bhainistiú; dhiúltaigh sí dá n-iarrachtaí cúram leighis a chur uirthi agus tharraing sí buille ar bhaill foirne. Ní raibh aon rogha fágtha ag na baill foirne ach Chloe a bheathú trí phróiseas darbh ainm beathú gastrach sróine. Is éard atá i gceist leis seo ná feadán speisialta a chur isteach tríd an srón isteach sa bholg. Caithfear í seo a dhéanamh faoi thámhú. Dúirt teaghlach Chloe linn nach raibh aon idirghabháil síceolaíochta á fháil aici nuair a bhí sí san ospidéal agus ba chosúil go mbeadh uirthi taisteal go dtí an RA le haghaidh cóireáil othar cónaitheach a fháil, mar dúradh leo nach raibh cóireáil othar cónaitheach ar fáil in Éirinn do leanbh a aoise. Bhí teaghlach Chloe ag déanamh a míle dícheall cóireáil chuí a fháil agus cé nach raibh siad ag iarraidh taisteal thar lear, go háirithe le linn paindéime, rachadh siad mura raibh aon rogha eile acu.

Go déanach i mí Mheán Fómhair, bhí frithghníomh trom ag Chloe in aghaidh an chóigais támhaíoch a ordaíodh dí, agus d'éiligh sí athrú go dtí an t-aonad dianchúraim ag Sain-ospidéal Péidiatrach. Ní raibh plean i bhfeidhm fós chun cóireáil meabhairshláinte othar cónaitheach a chur ar fáil do Chloe. Diúltaíodh d'iaratas do Chloe ar an Scéim Cóireála Thar Lear agus fuair athuismitheoirí litir a rá go raibh an tseirbhís sláinte ag breathnú uirthi a thabhairt isteach ina aonad CAMHS áitiúil. Bhí tuismitheoirí Chloe trína chéile mar dúradh leo roimhe sin gur cuireadh ar aghaidh í chuig an aonad seo faoi dhó agus níor thuig siad conas a d'fhéadfadh an tseirbhís a bheith ag tabhairt faoi rogha do Chloe gan í a phlé leo.

Fuair Chloe leaba in ionad othar cónaitheach faofa ag CAMHS, in áit eile sa tír. Cé go raibh tuismitheoirí Chloe sásta nach raibh orthu taisteal thar lear chun cóireáil a fháil, níor thuig siad conas a d'eagraigh siad í seo, mar dúradh leo roimhe sin nach raibh an t-aonad sin in ann Chloe a ghlacadh. Bhain Chloe leas as an gcúram a fuair sí san ionad agus rinne sí dul chun cinn go tapa. Bhí sí in ann filleadh abhaile don Nollaig agus scaoileadh í go foirmiúil ón ionad faofa go déanach i mí na Nollag 2020.

Ár ngníomhú

Cé go raibh dul chun cinn iontach déanta ag Chloe agus nach raibh cóireáil othar cónaitheach ag teastáil uaidh a thuilleadh, dúirt a theaghlach linn go raibh siad fós ag iarraidh go mbreathnóimis ar a ngearán, mar bhí siad an-mhíshásta leis an gcaoi a láimhseáil an FSS a chás.

Bhí imní ar mháthair Chloe go mbeadh na bacainní céanna ag leanbh eile faoi bhun 12 bhliain d'aois a bheadh ag lorg cóireáil othar cónaitheach maidir le rochtain a fháil ar chúram.

Bhí imní orainn faoi láimhseáil a cháis ag an bhfoireann CAMHS áitiúil agus an bealach a rinneadh atreoruithe a láimhseáil ag na haonaid CAMHS áitiúla. Dúirt na seirbhísí meabhairshláinte áitiúla linn gur

gné shuntasach a bhí san easpa foirne idirghabhála ildisciplíneach CAMHS iomlán maidir leis an mbealach a rinneadh cás Chloe a láimhseáil. Tugadh eolas faoi roinnt gnéithe a chuir leis an aonad CAMHS áitiúil gan a bheith in ann Chloe a ghlacadh, lena n-áirítear:

- Bhí ceist ann an raibh an glacadh isteach éilithe mar gheall ar an tuairim go raibh tuilleadh measúnaithe ag teastáil ó Chloe mar gheall ar noda féideartha ASD agus an gá le tuilleadh tástálacha leighis chun cúis orgánach fhéideartha ar a theacht i láthair a chur as áireamh.
- Bhí Chloe á bheathú trí fheadán gastrach sróine agus ní raibh an t-ionad a bhí faofa ag an CAMHS in ann í seo a éascú.
- Ba ghné a bhí in aois Chloe, agus leagan amach an ionaid thar barda amháin, ní bheadh siad in ann leanaí níos óige a scaradh ó dhéagóirí níos sine, a bhí mar an bpróifíl aoise tipiciúil a freastalaíodh orthu san ionad.

Thug freagra an CAMHS faoi deara, chomh luath is a raibh sé soiléir nach mbeadh an t-ionad CAMHS d'othair chónaitheacha in ann Chloe a ghlacadh, cuireadh plan i bhfeidhm chun seirbhís foirne ildisciplíneach a chur ar fáil do Chloe san ospidéal. Níor tharla sé sin, mar athraíodh Chloe go dtí an t-aonad dianchúraim agus glacadh isteach í níos déanaí san aonad CAMHS i réigiún eile.

Ní dhearnadh aon iarracht aird a tharraingt ar chás Chloe ar leibhéal náisiúnta ionas gur féidir aonad CAMHS d'othair chónaitheacha eile a chuir beathú gastrach sróine ar fáil chun Chloe a thógáil faoina chúram, in ainneoin áitíochta d'aonaid CAMHS ag an am, ag léiriú go raibh acmhainn ann. Is cosúil go raibh a ndíultuithe bunaithe go príomha ar an bhfáth nach raibh sé ina chónaí sa cheantar.

Chuir an fhoireann Náisiúnta Oibríochtaí Meabhairshláinte imní comhchosúil in iúl, mar bhí cuid dá ról chun cruinniú seachtainiúil a thacú le stiúrthóirí cliniciúla na ceithre aonad ar fad maidir le hatreoruithe a bhainistiú don chúram othar cónaitheach.

Le linn ár n-imscrúdaithe, dúradh linn:

- Bhí leibhéal níos ísle áitíochta in aonad CAMHS i gceantar Chloe ná a bhí sna haonaid eile.
- Ní ghlacann an t-aonad seo le leanaí faoi bhun thart ar 13 bliana d'aois. cé nach bhfuil teorainn ar an aois in aon aonad eile nó i mbeartas.
- Tá drogall ann ó thaobh aonad CAMHS áitiúil Chloe cásanna casta a ghlacadh agus ní raibh an FSS in ann mórán a dhéanamh faoi. Tá sé sin mar thoradh ar an gcinneadh atreorú a ghlacadh nó a dhiúltaigh do shosanna cóireála othar cónaitheach leis an síciatraí comhairleach atá freagrach as gach aonad.
- Bhí drogall ar aonaid CAMHS i réigiúin eile atreoruithe a ghlacadh ó réigiún Chloe i gcúinsí ina raibh leabaí CAMHS d'othair chónaitheacha folamh laistigh den réigiún.

Dhírigh ár imscrúdú ar:

1. Áirítear le planáil, comhoibriú agus soláthar seirbhísí tráthúil do Chloe ag an FSS CAMHS Pobail agus CAMHS caidrimh.
2. An bealach a rinneadh riachtanas aitheanta Chloe maidir le glacadh isteach i gcúram othar cónaitheach a láimhseáil, agus an bealach a leanadh treorach agus beartas náisiúnta FSS a chur san áireamh agus an bealach a rinneadh leas is fearr do Chloe a mheas.
3. Cáilíocht na cumarsáide le Chloe agus a thuismitheoirí maidir lena chúram.
4. Maoirseacht ar an FSS ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil maidir le fáil agus rochtain ar chóireáil othar cónaitheach CAMHS i gcás ar leith an linbh seo agus aird mar is cuí ar leanaí eile a d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith acu rochtain a fháil ar chóireáil othar cónaitheach.

Mar fhreagra, ghlac an FSS leis an gciapadh a bhí ar theaghlach Chloe, mar gheall ar chumarsáid agus comhroinn eolais easnamhach agus ghabh siad a leithscéal leo.

Thug an fhreagra ón FSS le fios go raibh céimeanna suntasacha á thógáil le foghlaim ó chás Chloe.

1. Forbraíodh svúit díghéaraithe ar leith san aonad othar cónaitheach áitiúil agus tá sé faoi lán seoil anois. Mar sin, is féidir leis an ionad spás leis féin ón gcuid eile den ghrúpa a chur ar fáil do leanbh amháin anois. Ciallaíonn sé sin go bhfuil acmhainn ann anois cúram a thabhairt do leanbh níos óige.
2. Tá an FSS i mbun próisis faoi láthair stádas cláraithe an aonaid othar cónaitheach CAMHS áitiúil a athrú leis an gCoimisiún Meabhairshláinte ó 13-18 mbliana d'aois, go suas go 18 mbliana d'aois, gan teorainn ar an aois níos ísle, chun ligean dóibh leanaí níos óige a ghlacadh i gcásanna eisceachtúla, nuair is gá.
3. Bhí cruinnithe rialta ag dul ar aghaidh leis an bhfoireann pédiatraice ag an ospidéal géar-leighis áitiúil maidir leis an mbealach is fearr cásanna a láimhseáil ina bhfuil fadhbanna leighis agus meabhairshláinte i gceist agus tá seisiúin chliniciúla seachtainiúla rialta imfhálaithe anois ag Pédiatraic don aonad othar cónaitheach CAMHS. Ciallaíonn sé sin nach gá do leanbh fanacht mar othar cónaitheach faoi chúram pédiatrach go huathoibríoch nuair atá tástálacha leighis ag teastáil agus má tá siad láidir go leor, is féidir tástálacha leighis a dhéanamh orthu chomh luath agus a bogann siad go aonad othar cónaitheach CAMHS.
4. Tá sé de dhíth ar CAMHS clúdach neamh-chomhairleacha ospidéil (NCHD) síciatrach ar glao-dhualgas a chur ar fáil don ospidéal géar-leighis agus an t-aonad othar cónaitheach CAMHS. Tá an róta glao-dhualgais NCHD faoi lán seoil arís.

5. Rinneadh iarrachtaí suntasacha chun seirbhís CAMHS idirghabhála a cuireadh ar fáil d'ospidéal leighis sa réigiún a bhunú, foireann a sholáthar dó agus a oibríochtú. Tá Síciatraí Comhairleach lánaimseartha a bhfuil taithí idirghabhála CAMHS acu atá i gceannas ar an bhfoireann anois. Ceapadh Altra Speisialtóir Cliniciúil agus tá cistiú ann d'oibrí sóisialta. D'fhorbair caidrimh fheidhmiúla chomhoibríochta idir an tseirbhís CAMHS idirghabhála agus an bhfoireann péidiatrach.
6. Tá síceolaí faighte ag an bhfoireann pédiatraice anois ag an ospidéal leighis atá ar fáil chun ionchur ar chásanna a chur ar fail nuair atá comhghalracht meabhsairshláinte / leighis i gceist.
7. Bhí comhráite fairsinge ag dul ar aghaidh le hullmhú do thabhairt isteach beathú gastrach sróine ag an aonad CAMHS áitiúil, nuair is gá. Cuireadh muid ar an eolas, cé go mbaineann ceangaltas leis seo, tá beathú gastrach sróine a éascú go rathúil bunaithe ar roinnt príomhthacaíochtaí a bheith i bhfeidhm, lena n-áirítear seirbhís diaitéitice a sholáthar, atá faighte le déanaí, agus uasoiliúint a dhéanamh ar an bhfoireann altranais.

Bhuail bainistíocht meabhairshláinte FSS le tuismitheoirí Chloe agus sheol siad litir leithscéil scríofa dóibh ina dhiaidh sin. Bhí sé sin an-chabhrach do thuismitheoirí Chloe. Bhí am acu dul tríd na fadhbanna go léir a bhí acu leis an tseirbhís agus mhothaigh siad gur éisteadh leo i gceart.

Toradh

Chuireamar na fadhbanna seo a leanas in iúl don FSS:

Rochtain ar Bheathú Gastrach-Sróine

I gcás nach bhfuil beathú gastrach sróine ar fáil i ngach aonad othar cónaitheach CAMHS, spreagaimid an FSS go láidir céimeanna a thógáil lena chinntiú nach bhfuil aon

bhacainní ann maidir le glacadh isteach othar lasmuigh den cheantar i gcúinsí ina bhfuil an idirghabháil seo ag teastáil ó leanbh.


Rochtain ar leabaí d'othair chónaitheacha / conairí atreoraithe CAMHS

Spreagann an OCO an FSS ar leibhéal náisiúnta tabhairt faoi athbhreothniú/ iniúchadh cliniciúil maidir le atreoruithe aonad CAMHS othar cónaitheach, ionas go gcinnteofar go bhfuil an leas is fearr do leanaí mar an rud is tábhachtaí. Ba cheart go mbeadh athbhreithniú san áireamh leis seo ar ról na Foirne Náisiúnta Oibríochtaí Meabhairshláinte mar bhainisteoir leapacha lárnach tacú le hiontrálacha ar na ceithre aonad ar fad agus ba cheart a chinntiú nach diúltaítear glacadh isteach d'aon leanbh ar chúiseanna neamh-chliniciúla i gcúinsí ina bhfuil leapacha ar fáil. D'fhéadfadh sé seo cuid den athbhreithniú ar Threoirínte Oibríocháin CAMHS a chruthú mar atá molta ag an athbhreithniú Maskey nó is féidir tabhairt faoi mar athbhreithniú neamhspleách.

Idirghabhálaí Seirbhíse CAMHS

Spreagann an OCO FSS go náisiúnta acmhainní a chur ar fáil chun foireann a chur ar fáil don fhoireann CAMHS Idirghabhála..

Táimid sásta le cloisteáil ó thuismitheoirí Chloe, cé go bhfuil imní fós air, tá biseach mór tar éis teacht air, tá sí ag freastal ar scoil agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh aige ngach réimse a shaoil. Tá súil againn go gcabhraíonn an cás seo le leanaí eile amach anseo.



Aisling – Foréigean Gnéasach sa Scoil

Cúlra

Chuir tuismitheoirí Aisling, le tacaíocht ó ionadaí, gearán faoi bhráid an OCO maidir le fadhbanna dáiríre a bhí aici ar scoil.

Ní raibh Aisling sásta faoin mbealach a chaith a meánscoil léi nuair a d'inis siad leo gur fhulaing sí drochúsáid ghnéasach ag scoláire eile.

Mhínigh sí dúinn:

- Dhírigh an scoil ar a nochtadh mar fhadhb iompair ag an scoláire a bhí i gceist.
- Mhóthaigh sí go raibh sí freagrach as an méid a tharla mar gheall ar an scoil agus bhí uirthi páirt a ghlacadh i bpróiseas ceartais aisiríoch agus cruinniú leis an scoláire a bhí i gceist.
- Lean an t-iompar maslach ar aghaidh agus thug an scoil freagra air seo agus nochtadh eile ag scoláirí faoin scoláire céanna
- Rinneadh bulaíocht uirthi ag scoláirí eile a bhí ar an eolas go ndearna sí tuairisciú ar an méid a tharla.
- Ní raibh sí sásta leis na céimeanna smachtaithe a rinne an scoil.

Scríobh ionadaí Aisling chuig an scoil thar ceann Aisling agus a tuismitheoirí. Leag sé amach inní Aisling, ach chomh maith leis sin, d'iarr sé ar an scoil breathnú ar an mbealach a úsáideadh a pholasáí agus nósanna imeachta cosanta agus leasa leanáí.

Cad a rinneamar

Chuamar i dteagmháil leis an scoil agus chuireamar inní Aisling faoina bhráid. Thugamar an deis don scoil fadhbanna nár tugadh fúthu a réiteach. Ní raibh muid sásta leis an bhfreagra agus mar sin, sheolamar imscrúdú.

Toradh

Fuaireamar go raibh an scoil faillitheach agus theip air an leas is fearr d'Aisling a thacú, nuair nach ndearna siad tagairt dá pholasáí cosanta leanáí go pras agus gan teagmháil a dhéanamh le TUSLA.

Fuaireamar nár chomhlíon an cinneadh próiseas ceartais aisiríoch a dhéanamh an caighdeán cúraim a bhí tuilte ag Aisling. Tharla an próiseas ceartais aisiríoch gan tuismitheoirí Aisling a chur ar an eolas, gan polasaí taobh thiar de agus thug sé neamhaird nó gannmheas ar cé chomh dáiríre is a bhí an nochtadh seo agus na fiosrúcháin a bhí tar éis tarlú cheana féin. Níor cuireadh an leas is fearr d'Aisling san áireamh ar bhealach sásúil nó ní dhearnadh aon ghníomh ina leith. Níor chuir gníomhartha nó cinntí na scoile tionchar na bhfadhbanna nó an phróisis ar Aisling san áireamh i gceart.

Molaimid an méid seo a leanas:

- Gabhann an scoil a leithscéal le hAisling agus cuireann siad gach rud a d'fhoghlaim siad sa phróiseas in iúl.
- Tá an Bord Bainistíochta ag lorg tacaíocht agus comhairle shonrach lena chinntiú go léiríonn a pholasaithe deachleachtas sa réimse seo.

Nuair a ghabh an scoil a leithscéal le hAisling, d'admhaigh siad;

- Go raibh an bealach a chuaigh siad i ngleic le líomhain Aisling go hiomlán míchuí.
- Bhí an scéal an-dáiríre agus bhí ionsaí gnéasach i gceist leis, agus ba chóir go mbeadh na Gardaí agus Tusla curtha ar an eolas faoi i bhfad níos luaithe.
- Go raibh an cruinniú scoile le hAisling agus an scoláire gan cead ó thuismitheoirí Aisling thar a bheith do-ghlactha agus níor cheart gur tharla sé.
- Theip ar an scoil a pholasaí cosanta leanaí a úsáid anseo a bhí i bhfeidhm ag an am.

Rinne an scoil athbhreithniú fairsing ar a pholasaithe agus nósanna imeachta bunaithe ar a chleachtadh machnaimh, an t-ionchur ón OCO agus a dhualgais faoin dlí. Chonacthas an fhadhb maidir le foréigean gnéasach i scoileanna agus an bealach a théitear i ngleic leis i roinnt mhaith gearán a fuair an OCO. Chuireamar an fhadhb seo faoi bhráid na Roinne Oideachais agus mholamar go dtéitear i ngleic leis mar chuid den bheartas Fríthbhulaíochta nua.

3

Tuairisciú ar chur i bhfeidhm Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh ag Éirinn

Le linn na bliana 2022, lean an OCO lenár rannpháirtíocht fhairsing leis an monatóireacht thréimhsiúil agus an próiseas tuairiscithe a bhaineann le cur i bhfeidhm Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh in Éirinn. Áirítear lenár gníomhaíochtaí:

- Ag obair le Painéal Comhairleach na nÓige (YAP) OCO chun Codanna Dínn a ghiniúint, tuarascáil leanaí a chuaigh i gcomhairle le os cionn 5,000 leanbh.
- Tuarascáil chuimsitheach mhalartach a ghiniúint do Choiste na NA um Chearta an Linbh, a chuir na réimsí imní in iúl agus a rinne moltaí maidir le gníomhartha nach mór don Stát a ghlacadh chun cur i bhfeidhm chearta an linbh a chur chun cinn, agus
- Ag taisteal go dtí an Ghinéiv le YAP i mí Mheán Fómhair 2022 chun páirt a ghlacadh i gcruinniú réamh-sheisiúnach agus chun comhaltaí YAP a thacú páirt a ghlacadh i gCruinniú na Leanáí leis

an gCoiste, roimh idirphlé dearfach an Choiste leis an Stát i mí Eanáir 2023.

Tá tuarascáil mhionsonraithe ar rannpháirtíocht an OCO sa phróiseas monatóireachta agus tuairiscithe seo ar fáil leis féin [anseo](#).



Monitoring and Reporting on Ireland's implementation of the UNCRC



Concluding Observations and OCO Activities

May 2023



ombudsman
do leanaí
for children

4

Oideachas

An Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2020

I mí Feabhra 2022, ghlac an OCO páirt i gcruinniú Chomhchoiste an Oireachtais ar Oideachas, Ardoideachas agus Breisoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht chun an Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2020 a phlé. Tá sé mar aidhm ag an mBille Comhalta Phríobháidigh deireadh a chur le forálacha a ligeann do scoileanna 25% d'áiteanna scoile a leithdháileadh ar pháistí nó garpháistí iarscoláirí.

Inár n-aighneacht, léiríomar ár dtacaíocht maidir le deireadh a chur leis an leithdháileadh 25% ar an mbonn gur féidir le grúpaí leanaí a bheith fágtha faoi mhíbhuntáiste, cé gur féidir leis tionchar a imirt ar chumas aon linbh áit a fháil sa scoil sin nuair nár fhreastail a dtuismitheoir nó dtuismitheoirí ar an scoil áirithe. Áirítear leis na leanaí seo:

- Leanáí an Luchta Siúil nár fhreastail a máthair nó a n-athair ar oideachas dara leibhéal
- Leanáí le tuismitheoirí imirceacha nár fhreastail ar an meánscoil in Éirinn
- Leanáí le tuismitheoirí faoi mhíchumas nár fhreastail ar mheánscoil príomhshrutha
- Leanáí le teaghlach a bhog go ceantar éagsúil sa tír, lena n-áirítear mar gheall ar an ngéarchéim tithíochta.

Tá inní orainn go fóill maidir le héiginnteacht an Aire Oideachais chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo. Dá réir sin, cuirimid fáilte roimh mholadh Choiste na NA um Chearta an Linbh ina Thuairimí Deiridh d'Éirinn a foilsíodh i mí Feabhra 2023 gur cheart deireadh a chur leis an bhforáil seo san Acht 2018.

Aighneacht maidir leis an bPlean Gníomhaíochta in aghaidh na Bulaíochta

Is ionann láimhseáil na scoileanna maidir le bulaíocht i measc leanaí agus 10% de ghearáin a fhaigheann an OCO gach bliain. De bharr sin, chuireamar fáilte roimh cinneadh na Roinne Oideachais athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta in aghaidh na Bulaíochta 2013 agus Plean Gníomhaíochta nua a ullmhú. I mí Bealtaine 2022, rinne an tOmbudsman do Leanaí cur i láthair don Choiste Stiúrtha a bunaíodh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta 2013. Inár n-aighneacht chomhfhreagrach, chuireamar roinnt réimsí in iúl a chreidimid gur cheart iad a chur san áireamh sa Phlean Gníomhaíochta nua agus rinneamar roinnt moltaí, lena n-áirítear gur cheart don Phlean Gníomhaíochta nua:

- Aird a tharraingt ar an mbulaíocht i measc leanaí mar fhadhb chearta an linbh
- Cúnamh a thabhairt do scoileanna eachtraí bulaíochta a aithint a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar cosanta leanaí agus/nó ina n-ábhar coiriúil agus na heachtraí sin a bhainistiú dá réir sin.
- Aighneacht na scoileanna ar shonraí anaithnidithe, imdhealaithe ar an mbulaíocht a chur ar fáil don Roinn Oideachais.
- Meas a bheith aige ar acmhainní agus tacaíochtaí breise agus seans go mbeidh ar an scoil iad a éascú chun nósanna imeachta frithbhulaíochta a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus
- Smaoineamh ar na bearta ar cheart

a dhéanamh chun monatóireacht agus maoirseacht ar chur i bhfeidhm nósanna imeachta na scoileanna maidir leis an bhfrithbhulaíocht a neartú.

Bhí an tOmbudsman do Leanaí buíoch as an deis freastal agus labhairt ag seoladh Cineáltas: Plean Gníomhaíochta in aghaidh na Bulaíochta ar an 1 Nollaig 2022 Cuireann an OCO fáilte roimh chomhtháthú go leor dár moltaí sa Phlean Gníomhaíochta nua. Leanfaimid ar aghaidh teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus scoileanna, de réir mar is gá agus is cuí, maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta nua, chomh maith le hullmhúchán agus cur i bhfeidhm na nósanna imeachta frithbhulaíochta atá le teacht do bhunscoileanna agus meánscoileanna. Leanfaimid ar aghaidh ag dul i mbun aon fhadhb inní a thagann ar aire maidir leis seo, agus na fadhbanna sin a chur in iúl chomh maith.

Oideachas faoi Chearta agus Múscailt Feasachta

An-luath sa bhliain 2022, bhí ár gceardlanna ar chearta an oideachais fós ó chian, ach nuair a tháinig laghdú ar shrianta sláinte poiblí, bhíomar in ann na ceardlanna a chur ar siúl san oifig ó mhí Márta ar aghaidh. Chuir an oifig fáilte roimh 1,126 scoláire ó bhunscoileanna agus meánscoileanna le linn na bliana, ag cur tús lenár rannpháirtíocht dhíreach pearsanta le leanaí arís. Is cuid lárnach dár n-obair iad na ceardlanna múscailte feasachta seo. Chomh maith leis sin, chuireamar fáilte roimh ár gcéad ghrúpa réamhscoile san oifig a tháinig ó Dhún na nGall. Cuimsithe de naoi leanbh trí agus ceithre bliana d'aois, reáchtálar roinnt gníomhaíochtaí bunaithe ar chearta leis an ngrúpa agus fuaireamar aiseolas fiúntach agus úsáideach ó soláthraí seirbhíse na réamhscoile. Táimid ag iarraidh an réimse oibre seo a leathnú sa bhliain 2023.

Táimid ar an eolas go bhfuil sé deacair ar

scoileanna i bhfad ó Bhaile Átha Cliath freastal ar cheardlanna inár n-oifig. Mar thús dár n-obair for-rochtana. thug an tOmbudsman do Leanaí agus foireann an Aonaid Rannpháirtíochta agus Oideachas ar Chearta cuairt ar Dhún na nGall chun ceardlanna a chur ar fáil i roinnt scoileanna. Thaistil siad go hÁrainn Mhór agus rinne siad ceardlanna ar chearta i dhá bhunscoil agus meánscoil amháin, agus bhuaill siad le 103 leanbh agus duine óg ar an iomlán ar an oileán. Thugamar cuairt ar cheithre bhunscoil agus dhá mheánscoil i nDún na nGall agus rinneamar ceardlanna le 152 scoláire. Thugamar cuairt ar ionad luath-bhlíanta, áit ar bhuaileamar le leanaí agus baill foirne a thaispeáin dúinn an bealach ina raibh cearta agus glór na leanaí á thabhairt isteach ina ngníomhaíochtaí laethúla. Thug an tOmbudsman do Leanaí cuairt ar Bhunscoil agus Meánscoil, ionas gur bhuaill sé agus na baill foirne le os cionn 320 leanbh le linn na cuairte seo.

Chiollaigh laghdú ar shrianta sláinte poiblí gur féidir leis an bhFoireann Rannpháirtíochta agus Oideachas ar Chearta cuairteanna for-rochtana a thosú arís ar leanaí i suíomhanna cónaithe, agus tugadh dhá chuairt ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh agus dhá chuairt ar aonaid CAMHS.

Bhíomar in ann fáilte a chur roimh mhic léinn tríú leibhéal inár n-oifig, agus bhíomar in ann taisteal go hinstiúidí tríú leibhéal chun seimineáir a thabhairt ar champas. Rinneamar naoi seimineáir le mic léinn ó ollscoileanna agus instiúidí ardoideachais éagsúla, lena n-áirítear Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Campas Choláiste Phádraig, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, An Coláiste Ollscoile, Antuairp agus BOO Dhún Búinne. Bhí staidéar á dhéanamh ag scoláirí ar réimse disciplíní, lena n-áirítear oideachas, síceolaíocht, dlí, altranas, luathbhlíanta agus obair shóisialta.

Socrúcháin Taithí Oibre na hIdirbhliana


Bhí taithí oibre do lucht na hIdirbhliana go luath sa bhliain fíorúil agus níos déanaí sa bhliain, cuireadh fáilte roimh scoláirí na hIdirbhliana ar ais san oifig. Ghlac seachtar scoláire páirt sa taithí oibre laistigh den OCO agus tá sé mar aidhm againn an t-uimhir seo a mhéadú le linn na bliana seo chugainn.

Ghlac ceathrar scoláire ó chontaetha na Mí, Mhuineacháin, na Gaillimhe agus Loch Garman páirt sa socrúchán oibre fíorúil. Bhuaill siad le hionadaithe as aonaid éagsúla laistigh den OCO a thug léargas dóibh maidir le hobair na foirne éagsúla. Rinne na scoláirí tionscadal a bhain le cearta an linbh. Bheartaigh na scoláirí obair a dhéanamh ar thionscadal darbh ainm: “Cuimsiú Mhí Stair na nDaoine Gorma i gCuraclam na Scoile.” Ag deireadh a seachtaine leis an oifig, chuir siad an tionscadal i láthair don Ombudsman do Leanaí. Scríobh na scoláirí blaganna chomh maith don chuid is é do Cheart ar ár suíomh gréasáin.

Rinne trí leanbh ó Bhaile Átha Cliath agus Cill Dara á socrúchán oibre i láthair go pearsanta inár n-oifig. Bhuaill siad le hionadaithe chomh maith as gach aonad laistigh den OCO, bhí siad ag faire agus ag tabhairt cúnamh don fhoireann Rannpháirtíochta agus Oideachas ar Chearta lena gceardlanna a thabhairt, d'fhreastail siad ar chruinnithe le comhlachtaí seachtracha nuair ba chuí agus d'oibrigh siad ar thascanna, lena n-áirítear ag cur le leathanaigh gréasáin agus ábhar an OCO. Léirigh aiseolas gur bhain na triúr scoláire ar fad taitneamh as an seachtain agus d'fhoghlaim siad faoina gcearta agus faoi fheidhmiú inmheánach na hoifige.

Share Your Views

What did you think of your visit?



V. informat. $\frac{2}{3}$
Amazing experience SO FUN!!
Swag
Very Interesting! I would like to come again!
Awesome stuff!
I think it's so great!
I loved this visit! It is a beautiful place and more schools should see it.
I wish we had more time here! $\star\star\star$
Real great! What a visit!
Eye-opening & enjoyable
I wish for you to stay twice
I loved it I didn't get here! $\star\star\star$
MAI
EDUCATIONAL
Turns out I have a lot of rights! You're supportive!
So colourful!
very interesting
ranked 5 star by
! SNAZZY!SNAZZY!
LOVED it $\star\star$
Sweet suggestions make $\star\star$

Comments





Measúnuithe agus seirbhísí, lena n-áirítear áiteanna i scoileanna do leanaí faoi mhíchumas

Measúnú ar Riachtanas

I mí Márta 2022, bhuaileamar le Comhchoiste an Oireachtais um Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige chun ár n-imní faoi mhoilleanna suntasacha i soláthar na measúnuithe ar riachtanais (AON) agus seirbhísí comhfhreagracha do leanaí a phlé. Ba é sin ár dara cruinniú leis an gComhchoiste faoi AON agus lean sé cinneadh an Choiste sa bhliain 2020 fadhbanna a scrúdú a tháinig ó AON ag leanúint foilsíú ár dtuarascála Unmet Needs, a dhírigh ar na dúshláin a bhí roimh leanaí in Éirinn a bhfuil AON ag teastáil uathu.

Tharla ár gcruinniú leis an gComhchoiste in aghaidh cúlra bhreithiúnas na hArd-Chúirte a eisíodh ar an 11 Márta 2022, a shocraigh go raibh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ag iarraidh, gan cead, na cúinsí atá ag teastáil maidir le AON faoi Chuid 2 den Acht um Míchumas 2005 (Acht 2005) a athrú trí Nós Imeachta Oibriúcháin Caighdeánach (SOP) athbhreithnithe a thabhairt isteach.

I ndiaidh ár gcruinnithe leis an gComhchoiste, bhuaileamar le hoifigigh sinsearacha sa FSS, lena n-áirítear an POF, chun ár n-imní a phlé a thuilleadh. Leanamar orainn monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí a bhain le AON le linn na bliana 2022 agus rinneamar aighneacht eile leis an gComhchoiste i mí na Samhna 2022 chun eolas a thabhairt d'ullmhúchán a dtuarascála féin ar AON.

Chuireamar fáilte roimh noda ó FSS i mí Dheireadh Fómhair 2022 go raibh siad ag obair leis an Roinn Sláinte plean a fhorbairt chun dul chun cinn a dhéanamh ar Sheirbhísí do Dhaoine Faoi Mhíchumas a Chur Chun Cinn a chur i bhfeidhm agus, i measc rudaí eile, rachaidh an plean i ngleic le moltaí FSS dul i ngleic leis na riachtanais leanúnacha do AON agus na liostaí feithimh a bhaineann leis. Chuireamar fáilte roimh obair FSS chun prótacal a fhorbairt agus a thriail a bhfuil cur chuige céimnithe i leith AON i gceist leis agus chun treoir chliniciúil eatramhach do chliniceoirí maidir le tabhairt faoi AONanna.

Cé go bhfuilimid buíoch as na dúshláin shuntasacha atá os comhair FSS maidir le

rochtain tráthúil do leanaí ar AONanna agus seirbhísí comhfhreagracha, tá amhras againn fós maidir le cur chuige an Stáit freastal ar na riachtanais, agus na cearta a chloí, atá ag leanaí sa cheantar seo. I ndiaidh athbhreithniú ar chodanna ábhartha den Acht 2005 sa bhliain 2020 a mholadh, bhí díomá orainn gur léirigh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le linn comhrá fiúntach an Stáit le Coiste na NA um Chearta an Linbh (An Coiste NA) i mí Eanáir 2023 nach bhfuil pleananna ag an Stát fós chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht 2005. Chomh maith leis sin, cé go dtuigimid fócas reatha FSS ar chur chuige i leith AON a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chloíonn le hAcht 2005 agus ar féidir leis dul i ngleic le liostaí feithimh atá ann cheana, tá imní orainn faoi easpa fise soiléire agus plean comhfhreagrach do AON san fhadtéarmach. Ónár ndearcadh, botún a bheadh ann dá ligfeadh an Stát cead do dhúshláin reatha, cé go bhfuil siad suntasach, a chumas a laghdú a bheith uailmhianach do leanaí agus, mar sin, leagan amach cén chaoi a mbreathnaíonn cur chuige, a bhfuil na hacmhainní sásúla aige, i leith measúnaithe agus idirghabhála a chomhlíonann riachtanais leanaí ar bhealach cuí agus go pras.

I ndiaidh ár n-imní a chur in iúl maidir le AON agus seirbhísí comhfhreagracha do leanaí inár dtuarascáil mhalartach leis an gCoiste NA i mí Lúnasa 2022, cuirimid fáilte roimh agus tacaímid le moltaí a rinne an Coiste NA ina dTuairimí Deiridh d'Éirinn, a foilsíodh i mí Feabhra 2023. Mhol an Coiste NA gur cheart don Stát:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht ábhartha, lena n-áirítear na hAchtanna Comhionannais, an tAcht um Míchumas agus an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, chun iad a chur de réir an chur chuige i leith míchumas bunaithe ar chearta daonna, agus
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an nós imeachta oibriúcháin do Mheasúnuithe ar Riachtanais ag an bhFeidhmeannach Seirbhíse Sláinte, agus an t-am feithimh a laghdú do na measúnuithe sin, agus fonn

acu rochtain éasca do leanaí ar sheirbhísí agus tacaíocht riachtanach, trí dul i ngleic go práinneach leis an easpa foirne agus saineolaithe atá cáilithe.

Cuirimid fáilte roimh an tuarascáil ag an gComhchoiste ar an 14 Feabhra 2023 i ndiaidh a scrúdaithe ar AON. I measc rudaí eile, táimid buíoch as tacaíocht an Chomhchoiste dár moltaí:

- Ní mór bearta breise a chur i bhfeidhm mar thosaíocht ar easnamh suntasach na n-acmhainní, go háirithe easnamh acmhainní daonna, a bhfuil bac á chur acu ar soláthar tráthúil na measúnuithe agus seirbhísí do leanaí
- Ba cheart go ndéanfaí athbhreithniú ar Acht 2005, agus ba cheart go gcuirfí leasuithe molta san áireamh atá leagtha amach inár dtuairisc ar na riachtanais nár sásaíodh.
- Ba cheart Acht 2005 a chur san áireamh i gcomhthéacs an athbhreithnithe reatha ar Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Orthu 2004
- Ba cheart go ndéanfaí foinsíú ar HIQA chun caighdeáin uasdátaithe a sholáthar do AON, agus
- Ba cheart go ndéanfaí gníomhartha chun eolas inrochtana a thabhairt do thuismitheoirí, lucht cúraim agus leanaí faoin bpróiseas AON.

Pleanáil chun cinn maidir le háiteanna scoile do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

I mí an Mheithimh 2022, d'fhoilsigh an OOL Plean le haghaidh Áiteanna, tuarascáil a dhíríonn ar phleanáil chun cinn d'áiteanna ar scoil a

sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais orthu (RSO).

Thosaíomar obair ar an saincheist seo i ndúil go ndéanfaí athbhreithniú ar roinn 37A den Acht Oideachais 1998. Fuaireamar gearáin freisin maidir le leanaí a bhfuil RSO orthu nach raibh in ann áiteanna scoile cuí a aimsiú ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile in am caoithiúil, gar dá dtithe.

Agus an píosa oibre sin á dhéanamh againn, bheartaíomar tuiscint a fháil ar conas a dhéanann an Roinn Oideachais pleananna maidir le soláthar áiteanna scoile do leanaí a bhfuil RSO acu agus, leis sin, cén fáth a mbíonn deacrachtaí suntasacha ag tuismitheoirí áit scoile oiriúnach a fháil sa cheantar áitiúil dá leanaí. Bhí ár n-obair bainteach le hathbhreithniú deasc-bhunaithe mar aon le rannpháirtíocht dhíreach le roinnt geallsealbhóirí, lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCSE), tuismitheoirí, príomhoidí scoileanna, dlíodóirí, scoláirí, grúpaí abhcóideachta, agus comhlachtaí neamhrialtasacha.

Leagann Plean le haghaidh Áiteanna sraith mholtaí amach don Roinn Oideachais agus an NCSE maidir lenár bpleanáil chun cinn ar áiteanna scoile a neartú agus de réir a chéile téann sé i dtreo córas oideachais ionchuimsitheach a chur i bhfeidhm in Éirinn. Tarraingíonn ár moltaí aird ar an ngá do:

- Pleanáil chun cinn a neartú, lena n-áirítear plean a ullmhú agus a fhoilsiú lena chinntiú go mbeidh go leor áiteanna scoile ar fáil chun freastal ar riachtanais réamh-mheasta na bpáistí le RSO taobh istigh dá bpobail áitiúla.
- Rochtain éifeachtach ar mheasúnuithe síceolaíochta sa ghearrthéarma do na páistí atá ag feitheamh ar mheasúnú diagnóiseach, chun deimhniú an bhfuil rang/scoil speisialta ag teastáil.
- Sainordú agus acmhainní do gach scoil, ach go háirithe gach iar-bhunscoil, chun cóiríocht a fhoirgníú nó athearraíocht a bhaint as cóiríocht oiriúnach reatha chun

freastal ar riachtanais na bpáistí le RSO go háitiúil agus sa ghearrthéarma.

- Teagmháil a dhéanamh le scoileanna, tuismitheoirí agus daltaí ag bogadh i dtreo córas oideachais ionchuimsitheach de réir a chéile,
- Bailiú agus úsáid sonraí a fheabhsú lena n-áirítear:
 - sonraí a bhailiú ar líon na bpáistí a bhfuil tacaíochtaí RSO uathu i suíomhanna comhtháite i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna príomhshrutha agus na sonraí seo a chur san áireamh ina dTáscairí bliantúla Oideachais, agus
 - sonraí bliantúla láraithe a fhoilsiú ar líon na bpáistí le RSO gan áit oiriúnach scoile.
- Cinntiú go mbíonn an t-athbhreithniú d'Acht EPSEN 2004 i dtaca leis an Acht um Míchumas agus go soláthraíonn sé cur chuige páisteláraithe, cearta-bhunaithe agus ionchuimsitheach don soláthar,
- Rochtain a fheabhsú do pháistí ar mheasúnuithe teiripeacha agus tacaíochtaí, agus an forbairt ar phrótacal comhoibre idir an Roinn agus FSS san áireamh, agus
- Níos mó infheistíochta a dhéanamh in oideachas múinteoirí, trí shocrú a dhéanamh do gach múinteoir, nua agus reatha, faoi oiliúint speisialaithe RSO agus cuimsithe ar bhonn bliantúil a chur san áireamh.

Agus é foilsithe nuair a bhí an t-easnamh inár n-áiteanna scoile le haghaidh mí Meán Fómhair 2022 i lár an aonaigh againn, chuir ár bPlean le haghaidh Áiteanna in iúl dúinn go raibh an reachtaíocht éigeandála ag teacht chun tosaigh. Achtaíthe i mí iúil 2022, déanann an tAcht Oideachais (An fhoráil maidir le Páistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais) 2022 cuíchóiriú ar an bpróiseas a bhí soláthartha faoi roinn 37A den Acht Oideachais, agus féadfaidh an tAire scoil a threorú breis acmhainní a chur i bhfeidhm do pháistí a bhfuil RSO orthu. Déanann

sé níos mó cuíchóirithe ar an bpróiseas a bhí soláthartha faoi roinn 67 den Acht 1998, rud a thugann cumhacht do NCSE agus Tusla, cibé cé acu, áit scoile a cheapadh do pháiste.

Le hachtú na reachtaíochta éigeandála seo, má fhágtar aon pháiste a bhfuil RSO orthu ar lár gan aon áit scoile, admhaíonn an Rialtas gur teip a bheidh ann don Stát lena gcearta oideachais a chomhlíonadh gan leithcheal agus ar bhonn cothrom le páistí eile. Bíodh is go bhféadfadh na céimeanna seo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin reatha, caithfidh siad a bheith in éineacht le radharc agus plean a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'oideachas ionchuimsitheach do pháistí sa todhchaí.

Chuir an OOL fáilte roimh rannpháirtíocht oscailte agus fiúntach na Roinne linn maidir lenár n-obair chun Plean le haghaidh Áiteanna a ullmhú. Mar a chéile, cuirimid fáilte roimh ghealltanas chuir an Roinn agus an NCSE in iúl maidir le comhoibriú le geallsealbhóirí chun ár moltaí a chur i bhfeidhm chomh luath agus is féidir. Le linn 2023, tabharfaimid faoinár rannpháirtíocht leis an Roinn agus an NCSE, lena n-áirítear uasdátú foirmitheach a lorg ar an dul chun cinn atá á ndéanamh acu lenár moltaí a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, tá sé ar intinn againn a bheith rannpháirteach in athbhreithniú na Roinne ar Acht EPSEN 2004.

Uathachas

I mí Dheireadh Fómhair 2022, tugadh cuireadh don OOL aighneacht a chur faoi bhráid Comhchoiste um Uathachas an Oireachtais. Dhírigh ár n-aighneacht ar rochtain ar mheasúnú agus idirghabháil; beartais agus soláthar oideachais; rochtain páistí uathacha ar fhoirgnimh agus ar spáis phoiblí; agus ag cur páistí uathacha san áireamh nuair atáthar ag dearadh na mbeartais seo.

Bhain ár n-aighneacht leas as ár n-obair ar mheasúnú ar riachtanais agus ar phleanáil chun cinn le haghaidh áiteanna scoile do leanaí a bhfuil RSO orthu, mar aon le taighde coimisiúnaithe ar na bacainní atá roimh leanaí míchumasacha maidir lena gcearta féin a

bhaint amach, rud a d'fhoilsíomar in 2021. Inár n-aighneacht, agus i rith ár gcruinnithe ina dhiaidh sin leis an gComhchoiste i mí Feabhra 2023, tharraingíomar aird ar na hábhair leanúnacha is cúram dúinn faoi na heasnaimh shuntasacha chórasacha maidir le measúnuithe agus seirbhísí a sholáthar do leanaí uathacha. Thugamar faoi deara freisin, bíodh is go bhfuil soláthar de dhíth anois do pháistí uathacha atá ag freastal ar scoileanna príomhshrutha trí ranganna uathacha leithdháilte a chur ar fáil dóibh, ní thagann sé le hoideachas ionchuimsitheach agus, dá réir, le dualgais an Stáit faoi Choinbhinsiún na NA um Chearta do dhaoine faoi mhíchumas.

I dtaca leis seo, tugaimid ceisteanna faoi deara faoi bhunú ranganna speisialta do leanaí faoi mhíchumas in Éirinn, agus léirigh Coiste na NA maidir le Cearta an Pháiste é seo ina Bhreathnóireacht Dheiridh a foilsíodh i mí Feabhra 2023 agus cuirimid fáilte roimh mholadh comhfhreagrach Choiste na NA d'Éirinn maidir le hoideachas ionchuimsitheach in oideachas príomhshrutha a chinntiú do gach páiste faoi mhíchumas.

Trínár n-aighneacht agus ár gcruinniú leis an gComhchoiste, léiríomar an easpa deiseanna atá ann do pháistí uathacha a gcearta éisteachta a chur i bhfeidhm, agus go n-éistfí lena ndearthaí i dtaobh cinntí a bhaineann leo, lena n-áirítear forbairtí i reachtaíocht agus i mbeartais phoiblí. Chuireamar fáilte roimh nod an Chomhchoiste le linn an chruinnithe go mbeidís ag iarraidh teagmháil a dhéanamh go díreach le leanaí uathacha i gcomhthéacs a gcláir oibre reatha.

6

Sláinte

Comhairleoir don Choimisiún Meabhairshláinte maidir le hathbhreithniú CAMHS

I ndiaidh fhoilsiú Thuairisc Maskey¹ i mí Eanáir 2022, chinn an Coimisiún Meabhairshláinte tabhairt faoi mheasúnú neamhspleách ar gach foireann Seirbhísí Meabhairshláinte do Pháistí agus d'Ógánaigh ar bhonn náisiúnta.

Is é cuspóir an athbhreithnithe seo ná:

1. Measúnú a dhéanamh ar conas a fheidhmíonn socruithe rialachais cliniciúla agus corparáide áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta laistigh den FSS agus sábháilteacht agus caighdeán seirbhísí CAMHS in Éirinn a chinntiú.
2. Féachaint an bhfuil rioscaí do dhaoine óga atá ag fáil CAMHS sainaitheanta, measúnaithe agus maolaithe.
3. Measúnú ar soláthraíodh CAMHS i dtaca leis an gcleachtas ab fhearr.

D'iarr an Coimisiún ar an Ombudsman do Leanaí a bheith mar chomhairleoir don athbhreithniú lena chinntiú go gcuirfí cearta leanaí san áireamh mar is ceart le linn an phróisis. Bhí cruinnithe agus uasdátuithe rialta i gceist leis seo ón gCoimisiún go dtí an tOmbudsman agus rannpháirtíocht ar na slíte a raibh na torthaí leagtha amach ar mhaithe na leanaí bainteach leis na foirne iomadúla.

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar chúig as naoi réimse, chinn an Coimisiún tuarascáil eatramhach a fhoilsiú mar gheall ar an imní faoi dhrochfheidhmíocht fhoirne CAMHS a d'oibrigh siad leo go dtí sin. Tharla sé seo i mí Eanáir 2023 agus liostaigh sé réimse torthaí diúltacha, agus ar ndóigh bhí drochthionchar acu ar an-chuid páistí agus daoine óga ar fud na réimsí sin.

Thug Oifig an Ombudsman do Leanaí tacaíocht don Choimisiún Meabhair-Shláinte maidir le gníomh láithreach a dhéanamh ar na moltaí a rinneadh sa tuarascáil eatramhach chun:

- a. Breithniú a dhéanamh ar iniúchóireacht cliniciúil láithreach ar gach foireann CAMHS agus
- b. CAMHS a rialú faoin Acht Meabhair-Sláinte

¹ <https://www.hse.ie/eng/services/news/newsfeatures/south-kerry-camhs-review/report-on-the-look-back-review-into-camhs-area-a.pdf>

Scéim Ghinearálta an Bhille Meabhair-Shláinte (Leasú) 2021

Le linn 2022, lean an OOL ar aghaidh ag obair ar fhorbairtí maidir leis an Scéim Ghinearálta den Bhille Meabhair-Shláinte (Leasú) 2021 agus, go háirithe, cuid 8 den Scéim Ghinearálta seo, a dhíríonn ar iontráil pháistí go dtí, agus a leigheas i saoráidí faofa d'othair chónaitheacha.

I mí Eanáir 2022, chuaigh an OCO faoi bhráid Fhochoiste an Oireachtais um Meabhairshláinte mar chuid dá ghrinnscrúdú réamhrechtach ar an Scéim Ghinearálta le go ndéanfaí plé ar ár ndearcthaí ar na forálacha molta faoi Chuid 8. Tharraingíomar aird ar an gcaoi go bhfuil níos mó machnaimh ag teastáil ar na moltaí seo ar mhaithe lena chinntiú go ndéanfaí ceartha leanaí a shásamh, lena n-áirítear:

- Treoirphrionsabail atá beartaithe a bheidh i bhfeidhm maidir le cinntí a bhaineann le hiontráil agus cóireáil leanaí,
- An moladh chun iontráil leanaí i saoráidí aosach a chur ar bhonn reachtúil, agus
- Infhaighteacht abhcóideachta do leanaí.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, d'fhoilsigh an Comhchoiste a thuarascáil ar a ghrinnscrúdú réamhrechtach ar an Scéim Ghinearálta. Chuireamar fáilte ar an gcaoi gur tugadh tús áite don Bhille chun leasú a dhéanamh ar an Acht um Meabhair-Shláinte maidir le dréachtú le linn Chlár Reachtaíochta an earraigh 2023.

Ina Bhreathnuithe Deiridh d'Éirinn a foilsíodh i mí Feabhra 2023, chuir Coiste na NA ar Chearta an Pháiste béim dháiríre ar na seirbhísí meabhairshláinte easnamhacha agus uireasacha do leanaí in Éirinn. Maidir le reachtaíocht mheabhair-shláinte, i measc na leasuithe ar Acht um Meabhair-Shláinte, mhol an Coiste gur cheart go gcuirfí iad seo a leanas san áireamh:

- Aithint a thabhairt do cheart leanaí go gcloistear iad maidir le cinntí a bhaineann lena gcúram meabhairshláinte agus cúnaimh ó ionadaí neamhspleách; agus
- Cosc follasach ar an gcleachtas páistí le fadhbanna meabhairshláinte a láithriú in aonaid síciatracha do dhaoine fásta.

Trínár monatóireacht agus rannpháirtíocht le forbairtí maidir leis an reachtaíocht thábhachtach seo le linn 2023, leanfaimid orainn ag iarraidh go n-aillíneodh agus go seasfadh forálacha a rinneadh faoi Chuid 8 le ceartha leanaí faoi 18.

Dréachtrialachán do Sholáthraithe Seirbhísí Tacaíochta Baile

Tá monatóireacht neamhspleách ríthábhachtach lena chinntiú go dtugtar tacaíocht agus cúram comhsheasmhach agus ar ardchaighdeán do leanaí a fhaigheann seirbhísí tacaíochta baile. Fuair an OOL roinnt gearán maidir le soláthar na bpacáistí tacaíochta baile do pháistí, mar atá léirithe i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo. Dá réir sin, chuireamar fáilte roimh an deis aighneacht a chur faoi bhráid chomhairliúchán poiblí na Roinne Sláine ar Dréachtrialachán do Sholáthraithe Seirbhísí Tacaíochta Baile 2022.

Inár n-aighneacht, luamar go bhfuil dréachtrialachán i gceist leis na seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine 18 mbliana d'aois agus níos sine amháin. Luamar an t-ímní a bhí orainn nach mbeidh aon bhuntáiste ann do leanaí ó mhaoirseacht neamhspleách mar gheall ar eisiáimh seirbhísí tacaíochta baile do pháistí, murab ionann agus daoine fásta. Molaimid go láidir don Roinn Sláine na seirbhísí soláthartha do pháistí a chur san áireamh sna dréachtrialacháin.

Le linn 2023, leanaimid orainn ag cur ionchuimsiú leanaí chun cinn sa chreat rialála.

Tithíocht & Lóistín

7


Comhairliúchán Coimisiún Tithíochta ar Cheart chun Áitribh sa Bhunreacht a sholáthar

Mar a sheasann sé, ní thugann an dlí go leor aitheantais do pháistí. Is rud é seo ar tharraingíomar aird air i gcónaí. Táimid buartha faoi na dúshlán dhianseasmhacha atá roimh leanáí, lena n-áirítear páistí gan dídean, atá ag iarraidh teacht ar lóistín agus tacaíochtaí oiriúnacha.

D'fháiltíomar bunú an Choimisiúin Tithíochta i mí na Nollag 2021 agus an chaoi gur cuireadh de chúram ar an gCoimisiún obair i dtreo moltaí ar reifreann a bhogadh chun tosaigh. D'fháiltíomar an deis aighneacht a chur isteach i mí Lúnasa faoi bhráid an chomhairliúcháin phoiblí a lainseáil an Coimisiún faoi reifreann bunaithe ar an tithíocht. Inár n-aighneacht, mholamar don Choimisiún:

- Ba cheart go seasfadh foclaíocht leasaithe bhunreachtúil ar chearta chun áitribh shásúil le dualgais an Stáit faoi chaighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha, agus treoraíocht lena bhaineann, agus
- Ba cheart go mbeadh leasú bunreachtúil ann chun ceart chun áitribh shásúil a sholáthar agus ba cheart don Rialtas reifreann a réachtáil le linn 2023.

Inár dtuairim, léiríonn obair an Choimisiúin deis shuntasach chun cur chuige reatha na hÉireann ar thithíocht a athrú go dtí cur chuige ceartabhunaithe. Le linn 2023, déanfaimid monatóireacht agus, de réir mar is gá, beimid gníomhach le forbairtí a thagann aníos ón gcomhairliúchán poiblí seo.



No End in Site Bliain Amháin ar Aghaidh

I mí Bealtaine 2021, d'fhoilsigh Oifig an Ombudsman do Leanaí (OOL) No End in Site, iniúchadh ar na caighdeáin mhaireachtála ar láithreán stad a bhí rite ag Údarás Áitiúil, áit a raibh 66 páistí agus a dteaghlach ina gcónaí ann. Mar chuid dár n-iniúchadh, rinneamar 10 moladh a ghlac an tÚdarás Áitiúil leo.

I mí na Nollag, d'fhoilsíomar uasdátú ar No End in Site. Bhíomar sásta gur rinne an tÚdarás Áitiúil dul chun cinn suntasach ar na moltaí a rinneamar. Bhí an tÚdarás Áitiúil rannpháirteach leis na teaghlach maidir lena riachtanais tithíochta agus tá sé gníomhach le Tithíocht an Lucht Siúil a fhorbairt sa cheantar lena chinntiú go ndéantar freastal níos fearr ar riachtanais an phobail san fhadtárma. Thóg an t-údarás áitiúil céimeanna suntasacha freisin chun caighdeáin mhaireachtála na dteaghlach a fheabhsú ar an láthair.

In ainneoin na n-iarrachtaí suntasacha a rinne an tÚdarás Áitiúil, dúirt líon beag teaghlach nár athraigh a gcaighdeáin mhaireachtála agus go raibh siad míshásta le luas na

bhforbairtí. Tá imní fós orainn faoin slí a bhféadfadh brú a bheith ar na caidrimh idir an tÚdarás Áitiúil, na cónaitheoirí agus a n-ionadaithe in amanna, agus léiríomar do gach páirtí go bhfuil cumarsáid oscailte lárnach le caidrimh oibre muiníneach a chothú amach anseo.

Tá na moltaí atá dealraithe le bheith níos dúshlánaí don Údarás Áitiúil iad siúd bainteach le hionchuimsiú leanaí agus daoine óga i bpróisis chomhairliúcháin agus phleanála. Is limistéar é seo a gcaitheann an tÚdarás Áitiúil breis airde a tharraingt air sa bhliain romhainn. Lorgóidh an OOL uasdátú ina dhiaidh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar na moltaí aontaithe in 2023.

8

Ceartha na leanaí atá ag teacht go hÉirinn a chur chun cinn

Leanaí ón Úcráin ag teacht go hÉirinn

I ndiaidh thús an chogaidh san Úcráin i mí Feabhra 2022 agus teacht leanaí ón Úcráin, tharraing an OOL aird ar roinnt saincheisteanna faoi bhráid an Taoisigh agus lucht déanta beartas eile.



Léiríomar go bhfuil sé ríthábhachtach go bhfuil meas ag cinntí a dhéantar ar chearta leanaí agus go cosnaíonn sé agus go gcomhlíonann sé a gcearta, lena n-áirítear a gceart go gcuirfear a leasanna is fearr san áireamh sa chinnteoireacht.. Chuireamar imní in iúl maidir leis na trí réimse, is é sin oideachas, lóistín agus ionramháil dhifreálach.

- **Education** We welcomed measures to support Ukrainian children in Irish schools, including the establishment of Regional Education and Language Teams. However, we expressed concerns that guidance issued by the Department of Education on supporting Ukrainian children's wellbeing in schools does not provide for sufficient inclusion of practical supports. We also raised concerns about the provision of appropriate school places for Ukrainian

children with special educational needs (SEN) in light of existing challenges with provision in this area.

- **Oideachas** D'fháiltíomar céimeanna chun tacaíocht a thabhairt do pháistí Úcránacha i scoileanna Éireannacha, lena n-áirítear bunú Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga. Mar sin féin, luamar an t-imní nach dtugann treoraíocht a d'eisigh an Roinn Oideachais go leor tacaíochtaí praiticiúla maidir le tacaíocht d'fholláine leanaí Úcránacha i scoileanna. Léiríomar imní freisin faoi sholáthar áiteanna cuí do leanaí Úcránacha a bhfuil riachtanais speisialta orthu (SEN) mar aon leis na dúshláin a bhí ann roimhe seo i dtaobh soláthair sa réimse.
- **Lóistín** Tharraingíomar aird ar an imní atá orainn faoi na dúshláin atá roimh leanaí ag teacht ón Úcráin maidir le lóistín oiriúnach a fháil. Cé gur aithníomar iarrachtaí freastal orthu siúd ag teitheadh na hÚcráine, lena n-áirítear pleananna chun úsáid a bhaint as tithe modúlacha, tá imní fós orainn go bhfuil cóiríocht soláthartha ag an Stát sealadach agus go mbainfear úsáid as cóiríocht mhí-oiriúnach éigeandála sa ghearrthéarma go dtí an meántéarma.

- **Ionramháil dhifreálach** Bíodh is go raibh freagairt na hÉireann do dhaoine ag teacht ón Úcráin dearfach, le hiarmhairt chéimeanna an Stáit chun an Treoir um Chosaint Shealadach (TPD) a chur i bhfeidhm, go héifeachtúil, tá an Stát ag caitheamh le daoine ag teacht ón Úcráin go difriúil ó lucht iarrtha tearmainn eile agus teifigh ar thóir cosanta, go háirithe iad siúd i Soláthar Díreach. Tá an ionramháil dhifreálach achrannach agus táimid buartha go gcaitear níos mífhabhraí le páistí atá ag lorg cosanta in Éirinn ó thíortha eile seachas an Úcráin ar bhonn nach bhfuil fáth réasúnach maith leis faoi aidhmeanna Choinbhinsiúin na NA um Chearta an Linbh. D'iarramar ar an Stát céimeanna a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcuirtear gach duine faoi aois ina (h)aonar faoi réir measúnuithe leochaileacha ar theacht chun na hÉireann agus go mbíonn gach gníomh agus cinneadh a dhéanann Tusla maidir le daoine faoi aois ina n-aonar treoraithe ar mhaithe na leanaí. D'iarramar freisin céimeanna a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn gach páiste ag lorg cosanta in Éirinn i dteideal na rudaí céanna agus go bhfuil rochtain chothrom acu ar na seirbhísí atá ag teastáil uathu, is cuma cén stádas imirce nó conair chosanta atá acu.



9

Teaghlach agus Cúram

An Bille Sláinte (Atáirgeadh Daonna Cuidithe), 2022

Is é barúil an OOL ná gur cheart soláthar a dhéanamh sa dlí do gach páiste a rugadh in Éirinn trí mháthairionadaíocht. Dá réir sin, d'fháiltíomar an cinneadh chun An Bille Sláinte (Atáirgeadh Daonna Cuidithe), 2022 a atreorú go dtí Coiste Oireachtais, a bunaíodh go sonrach chun iniúchadh a dhéanamh shaincheist mháthairionadaíochta idirnáisiúnta.

I mí Bealtaine 2022, d'fhoilsíomar ár mbreathnuithe ar an mBille, agus léiríomar an t-imní nach léiríonn an Bille go leor measa ar chearta leanaí. Chuireamar béim ar roinnt saincheistanna a chreidimid gur gá iad a bhreithniú níos mó, lena n-áirítear an gá do:

- Soláthar a chur san áireamh sa Bhille do pháistí a rugadh trí mháthairionadaíocht idirnáisiúnta,
- Soláthar a chur san áireamh do pháistí a rugadh cheana féin trí mháthairionadaíocht bhaile agus idirnáisiúnta.

- Cead a thabhairt do pháistí ar rugadh trí mháthairionadaíocht iad rochtain a fháil ar a ndúchas, agus
- Cinntiú go gcuirtear leasa na bpáistí ar rugadh trí mháthairionadaíocht san áireamh i ngach cinneadh a bhaineann leo.

Chuaigh an OOL faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais Máthairionadaíocht Idirnáisiúnta i mí Bealtaine 2022. I mí Iúil 2022, d'fhoilsigh an Comhchoiste a thuarascáil agus fáiltímid an chaoi gur léirigh an tuarascáil seo ómós ar ár gcúiseanna imní. Anuas air sin, d'fháiltíomar freisin an chaoi gur dhearbhaigh an Rialtas moltaí ina dhiaidh sin chun an Bille a leasú agus táimid ag súil go ndéanfar breithniú ar mholtaí an OOL san obair leanúnach chun leasuithe a dhréachtú don Bhille.

Tugaimid faoi deara agus cuirimid fáilte roimh an gcaoi go gcuireann Breathnuithe Deiridh Choiste na NA um Chearta an Linbh, a foilsíodh i mí Feabhra 2023, moladh san áireamh go mba cheart go mbeadh fáil ag gach páiste ina rugadh trí mháthairionadaíocht ar eolas faoina ndúchas. Leanfaimid orainn ag déanamh monatóireachta agus, de réir mar is gá, déileálfaimid le forbairtí bainteach leis an reachtaíocht mholta seo le linn 2023.

Tuairimí Leanaí

10



No Filter: Suirbhé ar eispéiris pháistí leis an bPaindéim Covid

Le linn na paindéime Covid-19, d'oibrigh an OOL go crua chun aird a tharraingt ar an tionchar a bhí ar leanaí agus daoine óga, agus an chaoi ar casadh a saoil bunoscionn. Theastaigh uainn freisin breith ar thuairimí agus eispéiris na bpáistí leis an bpaindéim ionas go bhféadfaí na dearchtaí seo a chur san áireamh nuair a táthar ag déanamh beartas agus cinntí i ndomhan i ndiaidh Covid. Cé acu fadhbanna a ghéaraigh an phaindéim do leanaí agus do dhaoine óga agus an raibh aon rud dearfach nach rabhthas ag súil leis? Bhí an-chuid tráchtairachta poiblí faoi theacht aniar na bpáistí ach cad a cheap siad féin?

Leis an méid seo san áireamh, lainseálar ár suirbhé No Filter i mí Feabhra 2022 chun éisteacht go caol díreach le páistí agus daoine óga faoin saol le linn an ama seo nach bhfacthas riamh roimhe. I gcomhar le taighde Amárach, ba shuirbhé ar líne é No Filter le roinnt mhaith ceisteanna bunaithe ar na fadhbanna comónta ar tarraingíodh aird orthu leis an OOL agus sna meáin. Osclaíodh é do leanaí idir 9-17 bliain d'aois agus reáchtáladh ar bhonn píolótach é i rang bunscoile agus iar-bhunscoile i mBaile Átha Cliath. Bunaithe ar an aischothú a fuairamar, rinneadh athbhreithniú agus uasdátú ar cheisteanna roimh dháileachán ginearálta.

Nuair a bhí sé curtha i gcrích, tugadh cuireadh do bhunscoileanna agus meánscoileanna timpeall na tíre, lena n-áirítear scoileanna deis, neamh-dheis, gaelscoileanna agus scoileanna príobháideacha chun páirt a ghlacadh, i dteannta Phainéal Comhairleach na nÓige.

Ghlac 1389 páistí ó 23 scoil páirt in No Filter san iomlán. Foilsithe i mí Aibreáin, fuarthas amach gur bhraith nach mór leath na bpáistí ar rinneadh suirbhé orthu gur tháinig mórathrú ar a saoil le linn na paindéime a mhair dhá bhliain. Bhraith 74% mothúcháin uaigneacha, agus bhraith 76% mothúcháin imní agus 70% mothúcháin feirge. Nuair a tháinig sé chuig an oideachas, bhraith 83% de na páistí ar rinneadh suirbhé orthu go raibh drochthionchar ag an bpaindéim ar a bhfoghlaim, agus ba mhór an t-ábhar buartha é go ndúirt 14% nach bhfuair siad cabhair ar bith lena léann ar líne sa bhaile ar fad.

Tugadh cuireadh do pháistí freisin aon rud eile a d'astaíonn uathu a roinnt maidir leis an bpaindéim Covid-19. Bhí éagsúlacht sna ráitis a bhí an-ionraic agus ó chroí, agus aithníodh na rudaí dearfacha a tháinig as an bpaindéim, ach cuireadh béim ar na rudaí diúltacha a d'eascair aisti agus an tionchar fadtréimhseach a d'fhéadfadh a bheith ag Covid-19 ar leanaí. Tá an OOL tiomanta do na teachtaireachtaí cumhachtacha a roinneadh mar chuid den suirbhé seo a úsáid chun obair na hoifige a chur ar an eolas, agus iad a ardú go dtí an Rialtas agus níos faide.

Painéal Comhairleach na nÓige

In 2020, d'athbhunaigh an OOL Painéal Comhairleach na nÓige (YAP) ar bhonn píolótach ar feadh dhá bhliain. Le linn 2022, bhí 20 páistí bainteach leis an YAP san iomlán. I ndiaidh bliain iomlán de chruinnithe ar líne in 2021, bhí ríméad orainn a bheith in ann ár gcéad chruinniú i láthair go pearsanta a réachtáil in 2022. Bhuail an YAP lena chéile 12 uair: Bhí seacht gcruinniú i láthair go pearsanta in OOL agus bhí cúig cinn acu ar líne.

Thug baill YAP faoi roinnt píosaí oibre lena n-áirítear lainseáil na tuarascála bliantúla, an mheastóireacht sheachtrach ar an YAP píolótach, agus cur chun cinn suirbhé ar mheabhairshláinte. Ba é an príomhphiosa oibre

a raibh an YAP bainteach leis in 2022 bunú Thuarascáil Leanaí na hÉireann do Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh, Pieces of Us, agus láithreán gréasáin agus fiseán tacaíochta. Tá níos mó eolais ar an obair seo agus ar bhaint an YAP leis ar fáil i bhforlíonadh Idirphlé Dearfaigh na NA.

Nuair a chríochnaigh an chéim píolótach de YAP OOL i mí Eanáir 2023, choimisiúnaíomar meastóireacht sheachtrach ag deireadh 2022. D'oibrigh an meastóir le baill an YAP agus leis an bhfoireann ar fud OOL. Tá torthaí luatha na meastóireachta seo thar a bheith dearfach, le roinnt moltaí le haghaidh athruithe ar phróisis earcaíochta agus an YAP a neadú níos mó laistigh den OOL. Breathnóimid isteach níos mó ar na moltaí seo in 2023 agus beidh an tuarascáil meastóireacht deireanach ar ár láithreán gréasáin.

Karolina (YAP) ag labhairt faoina heispéireas le próiseas UNCRC agus an YAP

Táim mar bhall de Phainéal Comhairleach na nÓige ó mhí an Mhárta 2022 i leith. Chuaigh mé isteach ann mar táim buartha faoi m'oidreachas agus faoin tslí a gcaitear le leanaí in Éirinn. Tá an-chuid rudaí cearr leis an gcóras oideachais agus sin an chúis gur theastaigh uaim ballraíocht a ghlacadh ann. Táimse thuas i nDún na nGall; ní chloistear faic faoi aon rud agus mar sin níos chuala mé aon rud faoin YAP. Ní raibh a fhios agam cad a bhí i gceist leis ach dúirt mé go rachainn agus go mbainfinn triail as. Mhóthaigh mé an-sásta agus ar fheabhas nuair a ghlac mé ballraíocht ann. Cheap mé gurb é an rud is fearr ar domhan é.

In imeacht seisiúin an YAP, d'oibríomar ar aighneacht na leanaí don UNCRC chun dearcthaí éagsúla na leanaí difriúla a chur trasna. D'éisteamar le scéalta difriúla agus scríobhamar píosaí anseo is ansiúd agus ansin chuamar go dtí an Ghinéiv chun na pointí seo a chur trasna agus chun na fadhbanna atá ag tarlú a réiteach. Bhí sé mar ról agamsa sa Ghinéiv labhairt ar an oideachas. Ceapaim go ndearna an Coiste cuntas den mhéid a dúramar agus go raibh an-suim acu ann. Ansin bhí imeacht againn le polaiteoirí na hÉireann agus státseirbhísigh shinsearach ar an 12 de mhí Eanáir. Thosaíomar á phleanáil roimh Nollaig. Bhuaileamar le roinnt mhaith daoine difriúla agus labhraíomar beagnach ar na rudaí céanna ar labhraíomar orthu sa Ghinéiv agus

ansin bhí píosa beag le rá agam féin. Labhair mé ar mo dhisléicse féin agus an chaoi go bhfuil mo scoil ina praiseach agus nach bhfuil mórán á ndéanamh acu agus an chaoi go mbraithim gur chuma leo in amanna agus an tslí go mba chóir dóibh í a dhéanamh níos fearr. Ní bhfuair mé mórán d'fhreagra mar ní raibh a fhios ag éinne conas mé a fhreagairt seachas don duine amháin nach raibh i láthair, ach bhraith mé gur éisteadh liom. I ndiaidh an imeachta, bhraith mé ní b'fhearr toisc go ndúirt mé an méid a dúirt mé mar go hiondúil ní maith liom mórán a rá faoi mar is míchumas é ina bhraitheann tú nach gnáthdhuine oibre tú. Bhraith mé go ndeachaigh mé i ngleic leis an domhan. Dá mbeadh dhá mhian agam ar conas a d'fhéadfadh le hÉirinn feabhas a chur ar an tslí a gcaitheann sí le leanaí, cinnte déarfainn gur gá an córas oideachais a ghlanadh suas i bhfad Éireann níos fearr agus níos mó spásanna a chur ar fáil do pháistí ionas go bhféadfaidís rudaí atá ag cur inní orthu a phlé ann.

Ba mhór an rud domsa a bheith ar an YAP agus chas mé le daoine nua agus tá siad an-deas agus ba phribhléid í dul suas agus síos agus rudaí a phlé agus ábhairín raiméise a rá freisin - an obair dháiríre a dhéanamh ach ábhairín spraoi a bheith againn freisin. Spreag sé níos mó a rá fúm féin seachas gan faic a rá. Ba rud an-spráúil é agus ba thaithí maith é agus ní fhaigheann mórán daoine an taithe céanna. Braithim go bhfuil an t-ádh liom go raibh mé in ann na rudaí seo a dhéanamh.



Beyond Limits 2022

Bunaíodh den chéad uair riamh in 2019 é, is é Beyond Limits ár n-imeacht uathúil ar nós féile do pháistí agus daoine óga a bhfuil míchumais orthu agus dá dteaghlach chun taitneamh a bhaint as lá ionchuimsitheach agus inrochtana de chainteoirí, léirithe agus gníomhaíochtaí. Mar a mholann an t-ainm, tá sé mar aidhm ag Beyond Limits ardán a thabhairt do leanaí a bhfuil míchumais orthu chun a n-eispéiris, a ngaiscí agus a bpleananna don todhchaí a roinnt. Is príomhfhócas don OOL é cinntiú go 'bhfeictear, go gcloistear agus go ndéantar comhaireamh' ar leanaí faoi mhíchumas agus go dtugtar tús áite dóibh inár bPlean Straitéiseach 2022-2024.

D'óstaigh an OOL dhá imeacht Beyond Limits in 2022 in Airéine Chnoc na Riabh, Sligeach ar an 1 Deireadh Fómhair agus ag Airéine Spóirt Ollscoil Luimnigh ar an 15 Deireadh Fómhair 2022. D'óstaigh Ellen Keane, Buaiteoir Bonn Óir ag na Cluichí Parailimpeacha, Paddy Smyth, an tAmbasadóir um Míchumas é agus bhí breis is 1200 páistí, tuismitheoirí, deartháireacha agus deirfiúracha, cúramóirí agus iad siúd a oibríonn le daoine a bhfuil míchumas orthu i láthair. Bhí páistí agus teaghlach gríosaithe agus spreagtha ag scéalta agus léirithe ó Katie-George Dunlevy agus Eve McCrystal, James Casserly, Fiacre Ryan, Padraig O'Callaghan,

Mark Smith agus Ian O'Connell, Derek Ryan, Sligo Youth Voices, Bluestack Choir, agus Music Generation. Chomh maith leis sin bhí réimse gníomhaíochtaí agus spórt do gach éinne chun taitneamh a bhaint astu lena n-áirítear: Peil Ghaelach leis an CLG, Sacar leis an IRFU, Gymnastics Ireland, Table Tennis Ireland, Ióga, BÁCáil, Criadóireacht, Cluichíocht, Ealaíona agus Ceardaíocht, Scéalta Céadfacha.

Bhí sé mar chuspóir ag an OOL le himeacht OOL a thosú ná chun aird a tharraingt ar an gcaoi gur féidir imeacht inrochtana agus ionchuimsitheach do gach páiste a bheith mar ghnáthrud - seachas mar rud eisceachtúil. Theastaigh uainn freisin cinntiú gur pléadh le leanaí agus daoine óga a bhfuil míchumas orthu le linn an phróisis agus d'earcaíomar naonúr ógánach iontach atá faoi mhíchumas le haghaidh Painéal Comhairleach na nÓige (YAP). Bhí ról lárnach ag ár YAP leis an imeacht a eagrú agus chabhraigh sé linn le réimse áiteanna, idir na gníomhaíochta agus na léirithe ceoil, an marsantas agus an scéim dhathanna a roghnú. Thosaigh sé amach mar ról comhairliúcháin agus athraíodh go luath é go dtí ról rannpháirtíochta, agus ghlac an-chuid ball den YAP páirt chomh maith ar an lá agus roinn siad a scéalta agus a n-eispéiris féin. Mar chuid den phróiseas pleanála, bhunaíomar coiste comhairliúcháin le comhlachtaí míchumais ar nós AsIAM, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann agus Cumas Éireann agus bhí ról lárnach acu ag cinntiú go mbainfeadh gach duine taitneamh as an lá agus go raibh sé insroicte go hiomlán.





“Thaitin an chaoi a raibh an-bhaint ag na páistí ann agus nach iad na daoine fásta amháin a bhí ag labhairt le daoine fásta”

“Bhí sé bunaithe ar theaghlaigh seachas don té a bhfuil míchumas air/uirthi”



“Thaitin an éagsúlacht chainteoirí go mór liom. Bhí éagsúlacht iontach gníomhaíochtaí ann le linn na mbristeacha”





“An-oiriúnach do gach aois, bhí an tsiamsaíocht an-mhaith”

“Bhí sé thar cionn éisteacht go díreach le leanaí agus daoine óga faoi mhíchumas a ghnóthaigh an oiread sin gaíscí, bhí sé inspioráideach. Bhí sé ar fheabhas sa chaoi is go raibh an t-imeacht chomh hionchuimsitheach agus inrochtana”

“Bhí an t-imeacht réchúiseach, ionchuimsitheach agus siamsúil”



Painéal Comhairleach na nÓige Beyond Limits

Bunaíodh Painéal Comhairleach na nÓige Beyond Limits (BLYAP) chun tacaíocht a thabhairt do Beyond Limits a phleanáil. Bhí sé mar ról BLYAP moltaí a sholáthar, gníomhú mar bhonn braite, páirt a ghlacadh in imeachtaí agus aischothú a thabhairt ina ndiaidh.

Chláraigh naonúr ball le bheith páirteach in BLYAP. Ba ghrúpa le meascán cumais é le leanaí a bhfuil roinnt mhaith míchumas orthu lena n-áirítear siondróm Down, uathachas, imní, ADHD, diospraicse agus míchumais fhisiceacha, mar aon le leanaí nach bhfuil faoi mhíchumas.

Reáchtáladh 11 cruinniú BLYAP i gcaitheamh na naoi mí mar aon le naoi gcrúinniú tosaigh duine le duine maidir le hanailís ar na riachtanais, agus 34 cruinniú duine le duine chun na páistí a ullmhú dá ról ag na himeachtaí. Reáchtáladh cruinnithe an ghrúpa ar líne. D'fhreastail sé seo ar leanaí ó chontaetha difriúla a chur san áireamh. Reáchtáladh dhá chruinniú le chéile i láthair go pearsanta ag an oifig; ceann amháin chun an t-imeacht a lainseáil agus cruinniú ceiliúrtha ag deireadh an tionscadail.

Bhí scileanna áirithe agus pleanáil dhíograiseach ag teastáil chun tacaíocht a thabhairt do riachtanais an BLYAP. Thug na tuismitheoirí agus na caomhnóirí tacaíocht do na páistí a bhí bainteach leis lena chinntiú gur bhraith gach páiste réitithe, san áireamh agus gur éisteadh leo sa phróiseas. Bhí ar ábhar na gcruinnithe a bheith bunaithe ar an bpáiste, tarraingteach agus bhí air freastal ar gach páiste agus iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh ann. Fuair an BLYAP an clár agus na cuir i láthair do gach cruinniú roimh ré sna leaganacha amach cuí, ionas go mbeadh am acu smaoineamh ar a bhfreagraí. Sna cruinnithe, chinntigh éascaitheoirí go labhair siad go soiléir agus gur chuir siad cuireadh roimh fhreagraí trí bhealach ar bith a raibh siad compordach leis: ó bhéal, scríbhneoireacht sa bhosca comhrá nó i bhfoirm Lámh, frapaí nó pointeála. Chomh maith leis sin, bhí roinnt mhaith bristeacha rince againn.

I ndiaidh na n-imeachtaí, rinne rannpháirtí machnamh ar a n-am ag rá: *“Léirigh sé dom cé chomh tábhachtach is atá laethanta cosúil le Beyond Limits toisc nach raibh sé bunaithe ar mo mhíchumas, bíodh is go raibh sé bunaithe ar mhíchumas, ach ba dhaoine iad ar fad istigh leo féin agus ceapaim go mbeadh sé an-chabhrach dom sa todhchaí chomh maith.”*

Spreagadh rannpháirtí eile é féin a chur in iúl mar gheall ar an deis a thug Beyond Limits dó: *“An chuid ab fhearr domsa de Beyond Limits ná ag casadh le daoine nua agus a bheith in ann am a chaitheamh le daoine nua agus m’óráid a dhéanamh faoi sheasamh ar son daoine faoi mhíchumas agus m’aistear i dtreo neamhspleáchais chomh maith.”*

Cainteanna Leanaí 2022

Ceiliúrtar an cúigiú cuimhneachán dár n-imeacht bliantúil Child Talks i mbliana, rud a thugann ardán do leanaí agus daoine óga labhairt faoi shaincheisteanna a bhfuil tábhachtach dóibh. Bhí Child Talks 2022 beo ó Theach Laighean ar an Aoine, 18ú Samhain leis an téama 'Dá mbeinn i mo Thaoiseach don Lá'. Bhí ochtar rannpháirtithe idir 11 go dtí 17 mbliana d'aois againn, lena n-áirítear dhá iontráil fhíseáin agus léiriú ceoil saincheaptha ó ghrúpa óige ban, a chur an lucht féachana de 100 duine faoi dhraíocht i leabharlann Theach Laighean agus bhailigh sé 432 beoshruith. D'óstaigh beirt dár gcainteoirí óga Child Talks 2021 agus clúdaíodh roinnt mhaith topaicí lena n-áirítear easpa dídine, leasú oideachais, tacaíochtaí uathachais, inrochtaineacht, iompair tuaithe, cumhachtú na mban, an Ghaeilge agus éisteacht le leanaí. Breathnaíodh ar Child Talks freisin i seomraí ranga ar fud na tíre i ndiaidh teagmháil dhíreach a dhéanamh le scoileanna agus dáileadh na n-ábhar go dtí múinteoirí ar fud na tíre. Tugadh cuireadh do bhail an Oireachtais freastal air, agus bhí aionna speisialta ó rang a sé i Scoil Chrónáin i Ráth Cúil, Baile Átha Cliath mar chuid den lucht féachana an lá sin.

Roghnaigh an OOL ár gcainteoirí Child Talks i mí Mheán Fómhair 2022 i ndiaidh fios náisiúnta ar líne a chur ar eagraíochtaí leanaí agus trí theagmháil a dhéanamh leo le linn an tsamhraidh. Cuireadh fáilte roimh leanaí agus daoine óga suas le 18 mbliana d'aois clárú a dhéanamh chun páirt a ghlacadh trí fhoirm iarratais ar líne ar ár láithreán gréasáin. D'oibrigh an OOL lenár gcainteoirí roghnaithe thar na trí mhí chun cabhair a thabhairt dóibh a scéalta a fhorbairt agus iad a ullmhú don imeacht trí cheardlanna grúpaí ar líne agus seisiúin duine le duine.

Thugamar faoi fheachtas meáin shóisialta díreach roimh an, agus le linn an imeachta Child Talks. Tá sócmhainní bolscaireachta nuair atáthar ag earcú cainteoirí, fógairt an bheoshruithaithe roimh an imeacht agus ábhar beo na gcainteoirí agus taibheora ar an lá san áireamh. Bhunaíomar leathanach 'Meet the Speakers' ar ár láithreán gréasáin, agus bhí féinainnéisí gairide dár gcainteoirí mar chuid de. Bhí sé seo ar fáil dár lucht féachana trí chód QR. Clúdaíodh Child Talks 2022 go leathan i gcló náisiúnta agus áitiúil agus sna meáin áitiúla.



The Scrawl

Tá an-chuid próiseas dlíthiúil, polaitiúil agus riaracháin a mbíonn tionchar acu ar pháistí casta. Má tá an ceart ag leanaí neart a bheith acu ar rudaí a dtéann i bhfeidhm orthu, beidh ar na próisis seo a bheith léirithe i mbealaí a dtuigeann páistí iad agus i mbealaí sothuigthe do pháistí. Chun cabhair a thabhairt leis seo bhunaíomar [The Scrawl](#) in 2022. Is leathanach gréasáin a thógann próisis pholaitiúla agus dhlíthiúla agus eachtraí reatha bainteach nó a mbíonn tionchar acu ar pháistí agus déanann sé iad níos fusa do pháistí le tuiscint.

I rith 2022 scríobh foireann Oideachais Rannpháirtíochta agus Cearta píosaí le haghaidh The Scrawl a thugann eolas faoi ghnóthaí san Oireachtas, billí atá ag teacht go luath a mbíonn tionchar acu ar leanaí, uasdátuithe ar ghrúpaí stiúrtha idir-rannacha agus foilsithe beartas OOL. Míníodh iad seo i dteanga shothuisceanach agus, nuair a bhí eolas breise ag teastáil ó choincheap, próiseas nó struchtúr, baineadh úsáid as cnaipe *Say Whaat* chun níos mó eolais a sholáthar i míreanna aníos.

Bhí ríméad orainn nuair a chur leanaí iad féin chun tosaigh freisin chun ailt a scríobh. Scríobh duine amháin ón BLYAP píosa faoi [Mhíchumais Cheilteagus](#) scríobh ball de YAP an OOL faoin [bpáirt a bhí aige/aici in Aighneacht na Leanaí a chuaigh faoi bhráid an CNACL](#).

Tá súil againn go mbeidh leanaí in ann The Scrawl a úsáid chun roinnt eolais shimplí a fháil ar thopaicí atá casta go minic agus go gcabhraíonn sé le braistint chumhachta a thabhairt dóibh chomh maith le bheith níos muiníní agus níos réitithe lena ndearcthaí a chur in iúl.

CoVision

Chríochnaigh an tionscadal Co-Vision, a bhí treoraithe ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, in 2022. Dhírigh an tionscadal taighde idirnáisiúnta seo, a raibh páirtithe aige i naoi dtír, ar chomh-dhearadh agus taighde rannpháirtíochta le leanaí. Rinne sé iniúchadh ar conas a dhéileáil leanaí le daoine agus conas

a thug siad tacaíocht do dhaoine le linn na paindéime Covid-19 agus ina diaidh.

In 2022, ghlac an OOL páirt i seimineár gréasáin CoVision ar na dúshláin agus na deiseanna roimh lucht déanta beartas nuair atá leanaí bainteach leis an gcinnteoireacht mar aon le comhghleacaithe ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus ó Ollscoil Auckland, An Nua-Shéalainn.

I mí an Mheithimh, mar aon le comhghleacaithe ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, d'óstálar agus chabhraíomar le Ceardlann Chomh-dhearaidh COVISION a chur ar fáil i láthair go pearsanta le Grúpa Comhairleach um Thaighde Leanaí (CRAG). Ba é seo an chéad chruinniú den CRAG duine le duine. Ghlac naonúr leanaí idir deich agus 16 bliana d'aois páirt sa cheardlann seo. Ar dtús, d'fhéach siad ar an méid a d'fhoghlaim an fhoireann CoVision faoi thionscnaíochtaí a eagraíodh chun tacaíocht a thabhairt do leanaí le linn na paindéime agus bhog siad ar aghaidh ansin ag sainaithint tionscnaíochtaí chun tacaíocht a thabhairt do leanaí agus teaghlaigh i bpaindéimeanna, dianghlásálacha agus géarchéimeanna amach anseo.

I ndiaidh na ceardlainne seo a bhí i láthair go pearsanta, lean an CRAG ar aghaidh ag obair ar a gcuid tuairimí ar líne. Ba bhuaic an phróisis seo ná Cur i Láthair CRAG i mí na Samhna. Ag an imeacht seo, a d'óstáil an OOL, bheachtaigh na leanaí a gcuid tuairimí agus mhol siad tionscnaíochtaí agus chuireadar iad faoi bhráid an Aire Leanaí, Chomhionannais, Mhíchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, Roderic O'Gorman TD agus roinnt mhaith dá n-oifigigh shinsearacha, mar aon le hoifigigh shinsearacha ón Roinn Oideachais, Roinn Sláinte agus an FSS.

Tharla an t-imeacht deireanach de thionscadal CoVision ar 26ú Samhain le himeacht sárthaispeántais ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. I ndiaidh cur i láthair ó phríomhthaighdeoirí bainteach leis an tionscadal seo, leis an CRAG san áireamh, sholáthair an tOmbudsman do Leanaí an t-aitheasc clabhsúir agus ghríosaigh sé ar bhaill machnamh a dhéanamh ar na moltaí a rinne an CRAG.


Taighde na Comhghuaillíochta um Chearta Leanaí: Guth, Cearta, Cuir i bhFeidhm

TBhí an OOL mar bhall de choiste stiúrtha le haghaidh taighde maoinithe ag an AE agus coimisiúnaithe ag an gComhghuaillíocht um Chearta Leanaí. Ag obair le painéal comhairleach na n-óige (déanta de leanaí idir 12-17 mbliana d'aois) ar bhonn comhthaighdeora, thug baill Scoil an Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath faoin tionscadal seo. Ba é a fhócas ná eolas leanaí ar a gcearta féin. D'fhoilsigh an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí an tuarascáil dheireanach den tionscadal, Guth, Cearta, Cuir i bhFeidhm, in Aibreán 2022. Déanann an tuarascáil scrúdú ar eolas leanaí ar a gcearta féin, sainaithníonn sé bearnaí ina n-eolas agus scileanna, agus déanann sé cinntí a thabharfaidh cabhair dul i ngleic leis na bearnaí seo trí pholasaithe agus cleachtais. Labhair ár gCeannasaí Polasaí ag seoladh na tuarascála.

Gradaim Rannpháirtíochta Náisiúnta TUSLA

In 2022, chuaigh Tusla i mbun cainte leis an OOL agus líon beag comhlachtaí eile chun an tsuim i gclár píolótach de ghradaim rannpháirtíochta náisiúnta do leanaí agus daoine óga a mheas. Bheadh na gradaim seo in áitInvesting in Childrenatá bunaithe sa RA agus a bhain Tusla úsáid as roimhe seo. D'óstáil an OOL a chéad chruinniú geallsealbhóirí i mí an Mheithimh 2022. Ag an gcruinniú seo, d'aontaigh geallsealbhóirí an clár gradam náisiúnta a bhí treoraithe ag Tusla agus tacaithe ag geallsealbhóirí eile a reáchtáil ar bhonn píolótach.

Ó shin, d'oibríomar mar chuid den Choiste Stiúrtha do na gradaim seo, ag cur le fócas na ngradam, na foirmeacha iarratais agus an critéir meastóireachta a bheachtú agus a chur in oiriúint. Ceaptar go mbeidh na céad iarratais don ghradam nua seo in 2023 agus beimid mar chuid den choiste ag déanamh meastóireachta orthu.





Leanaí sa Chóras Dlí agus Cirt

For-rochtain ar Champas Coinneála Bhaile an Oibricigh

Tá an OOL ag tabhairt cuairteanna for-rochtana go dtí Ionad Coinneála Bhaile an Oibricigh ó 2017. Theastaigh uainn sinn féin a dhéanamh níos insroichte do leanaí agus daoine óga a bhféadfadh sé a bheith deacair orthu teacht ar ár nOifig, nó nach bhfuil mórán eolais acu fúinn. Tugtar cuairteanna ar bhonn míosúil agus tá daoine óga saor sinn a chur ar an eolas faoi fhadhbanna, comhairle a lorg uainn agus gearáin a dhéanamh, dá mba mhian leo.


I gcaitheamh na gcuairteanna, thugamar faoi deara nár thuig daoine óga a bhí ag dul faoi bhráid na gcuairteanna an próiseas i gcónaí. Bhí deacrachtaí foghlama ag cuid acu agus thabharfaí tacaíocht dóibh le SNA ar scoil. Bhí deacrachtaí ag cuid acu freisin iad féin a chur in iúl agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach. Níor thuig siad coinníollacha a mbannaithe i gcónaí agus ní raibh siad in ann an Chúirt nó a n-ionadaí dlíthiúil a chur ar an eolas faoi a cúiseanna nach raibh siad in

ann coinníollacha a mbannaithe a shásamh i gcásanna áirithe. Bhí rátaí méadaithe atitimeachais do na daoine óga seo de bharr na ndeacrachtaí seo.

Bhuaileamar le TUSLA an bhainistíocht shinsearach ag Baile an Oibricigh, chun tuiscint iomlán a fháil ar na fadhbanna a bhfuil na leanaí ag tabhairt aghaidh orthu agus conas a d'fhéadfaí iad a réiteach. Fuaireamar amach go bhfuil idirghabhálaithe ag roinnt mhaith tíortha a thugann cabhair do dhaoine óga le próisis na cúirte a thuiscint. Níl a leithéid de sheirbhís in Éirinn.

Scéim Ghinearálta den Bhille um Cheartas Coiriúil (Cionta Gnéasacha agus Gáinneáil ar Dhaoine) 2022

I mí Iúil 2022, d'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirtan Scéim Ghinearálta den Bhille um



Cheartas Coiriúil (Cionta Gnéasacha agus Gáinneáil ar Dhaoine) 2022. I measc rudaí eile, tá sé i gceist ag an reachtaíocht mholta seo:

- Níos mó cosaintí agus tacaíochtaí a sholáthar d'íospartaigh gáinneála, lena n-áirítear ilghníomhaireacht Meicníocht Náisiúnta Atreorúcháin a bhunú ar bhonn reachtúil.
- Na bacainní reachtaíochta deiridh a bhaint as daingniú na hÉireann don Dara Prótacal Roghnach den CNAACL ar dhíol leanaí, striapachas leanaí agus pornagrafaíocht leanaí.

I mí na Nollaig 2022, scríobhamar go dtí an tAire Dlí agus Cirt faoin Scéim Ghinearálta. D'fháiltíomar an obair a tugadh fúithi chun dul chun cinn a dhéanamh ar an Scéim Ghinearálta agus tugann an reachtaíocht mholta seo conair do dhaingniú na hÉireann don Dara Prótacal Roghnach a bhí ag teastáil go géar. Mar sin féin, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar Chuid 3 den Scéim Ghinearálta, rud a sholáthraíonn Meicníocht Náisiúnta Atreorúcháin d'íospartaigh gáinneála, thugamar faoi deara go bhfuil níos mó machnaimh le déanamh ar roinnt moltaí lena chinntiú go ndéantar iad a ailíniú le cearta

leanaí. Dá réir sin, molaimid go mba cheart an t-ábhar seo a leanas a thógáil go dáiríre.

- Easpa forálacha sa Scéim Ghinearálta do phróiseas aitheantais leanaí
- An critéir molta le haghaidh íospartaigh gáinneála a aithint, agus
- Easpa forálacha cuí le haghaidh rochtain a chur ar fáil d'íospartaigh gáinneála ar chúnamh agus teidil shainiúla.

De réir mar a leanann dréachtú na Bille um Cheartas Coiriúil (Cionta Gnéasacha agus Gáinneáil ar Dhaoine) ar aghaidh, tá súil againn go ndéanfar machnamh dáiríre ar an ngá do leanaí a bheith níos sofheicthe sa Bhille go ndéanfar forálacha leanbhóirínaithe comhfhreagracha. Tá súil againn freisin go mbeidh meas ag an Rialtas ar mholadh Choiste na NA d'Éirinn ina Bhreathnóireachtaí Deiridh i mí Feabhra 2023 go mba chóir don Stát Meicníocht Náisiúnta Atreorúcháin a bhunú chun íospartaigh leanaí gáinneála a aithint agus atreorú.

12

Ceartha an Linbh sa Timpeallacht Dhigiteach

Bille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán ar Líne 2022

I mí Eanáir 2022, d'fhoilsigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an Bille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán ar Líne 2022. Bíodh is gur thug an OOL faoi deara go bhfuil de chumas i roinnt mhaith uirlisí rialála, a bhí san áireamh sa Bhille, tionchar dearfach a bheith acu, tá imní fós orainn faoin easpa forála sa Bhille le haghaidh meicníocht ghearán aonair, Dá bhrí sin, chuireamar fáilte roimh chinneadh an Aire Sainghrúpa a bhunú chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht meicníocht ghearán aonair a chur ar fáil.

I mí Meán Fómhair 2022, d'fhoilsigh an tAire an tuarascáil ar an Sainghrúpa seo. Mhol an Sainghrúpa go mba chóir meicníocht ghearán aonair a thabhairt isteach ar bhonn céimiúil, le tús áite a thabhairt do ghearáin maidir le leanaí. D'fháiltíomar an chaoi gur rinneadh an Bille a leasú i mí Dheireadh Fómhair 2022 chun moltaí an tSainghrúpa a léiriú.

Cuireadh lámh leis an mBille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne 2022 i mí Nollag 2022. Ina Bhreathnuithe Deiridh i mí Feabhra 2023, mhol Coiste na NA um Chearta an Linbh go mba chóir don Stát cinntiú go dtugann an Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne an-aird ar chosaint leanaí ina mhandáid, lena n-áirítear meicníocht ghearán aonair, de réir caighdeáin chearta leanaí. Táimid ag súil le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí nuair a thosóidh an Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne ag obair ar chreat rialála nua maidir le sábháilteacht ar líne a chur i bhfeidhm le linn 2023.

Bochtaineacht i measc Leanaí

13

Ráthaíocht Eorpach Leanaí

Is tionscnaíocht í an Ráthaíocht Eorpach Leanaí den Choimisiún Eorpach, a dhéanann iarracht eisiámh sóisialta a sheachaint agus dul i ngleic leis trí rochtain a chinntiú do leanaí ar réimse seirbhísí tábhachtacha. Nuair a ghlac an Coimisiún Eorpach leis an Ráthaíocht Leanaí i mí an Mheithimh 2021, bhí ballstáit, le hÉirinn san áireamh, tiomanta do phleananna feidhmiúcháin náisiúnta a dhéanamh chun acmhainní a fháil.

I mí Eanáir 2022, chuir an OOL aighneacht isteach faoi bhráid na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) lena obair maidir le forbairt ar Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta a chur in iúl. Tharraing ár n-aighneacht ar an gcaoi a bhfuil sé tábhachtach go n-éistfí le dearcthaí leanaí agus thugamar roinnt mholtaí maidir le:

- Rochtain shaor agus éifeachtach ar Oideachas agus Cúram Luath-Óige,
- Rochtain shaor agus éifeachtach ar ghníomhaíochtaí oideachais agus scoilbhunaithe,

- Rochtain shaor agus éifeachtach ar bhéile sláintiúil agus rochtain éifeachtach ar dhea-chothú.
- Rochtain shaor agus éifeachtach ar chúram sláinte, agus
- Rochtain éifeachtach ar thithíocht shásúil.

D'fhoilsigh an DCEDIY Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann i mí an Mheithimh 2022. Mar a luadh sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta féin, tarraingíonn comhdhéanamh an phlean seo ar pholasaithe, straitéisí agus cláir roimhe seo a chur i bhfeidhm. Tá sé i gceist go mbeidh an Ráthaíocht Leanaí mar chuid de bhailiúchán saothair níos leithne bainteach le Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga. Tá an OOL ag iarraidh go mbeidh bunábhar an na creatlaí, agus na struchtúir a cuireadh i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt dá fheidhmiúchán mar chatalaíoch do chlár oibre uailmhianach. Táimid ag súil go gcuirfidh na céimeanna seo, mar aon leis an Aonad Bochtaineachta Leanaí i Roinn an Taoisigh, athruithe suntasacha i bhfeidhm le dul i ngleic le bochtaineacht agus eisiámh sóisialta i measc leanaí, lena n-áirítear iad a ndíríonn Ráthaíocht leanaí orthu.

Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta

14

Líonra Eorpach na nOmbudóirí do Leanaí (ENOC)

The OCO is a member of the European Network of Ombudspersons for Children (ENOC), which consists of 44 Ombudspersons and Commissioners for Children in 34 countries across Europe. ENOC is a not-for-profit association of independent children's rights institutions (ICRIs) with a mandate to facilitate the promotion and protection of children's rights, as set out in the UN Convention on the Rights of the Child.

The thematic focus of ENOC's work in 2022 was 'Children's Rights and Climate Justice.' The OCO contributed to ENOC's activities by participating in a working group about this theme and by taking part in an ENOC seminar in Warsaw in June 2022. This seminar focused on climate justice, but also involved information sharing by ENOC members in relation to two other areas: the challenges faced by children and families fleeing Ukraine and the current challenges faced by

independent human rights institutions (IHRIs) for children in Europe.

In September 2022, the OCO participated in ENOC's 26th Annual Conference in Reykjavik, entitled 'Shaping the Future: Children's Rights in a Climate Crisis.' The Annual Conference addressed the main findings of ENOC's Synthesis Report on Children's Rights and Climate Justice. At the conference, ENOC's European Network of Young Advisors (ENYA) played an active role and made specific policy recommendations on climate justice. Two statements were endorsed by ENOC's 26th General Assembly, namely ENOC's position statement on Climate Justice and Children's Rights and ENOC's ad-hoc statement on the Impact of Energy Prices on Children's Rights.

15

An tAcht um Ombudsman do Leanaí

Athbhreithniú ar an Acht um Ombudsman do Leanaí 2002

Faoi alt 7(1)(h) den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 (Acht 2002), de réir mar atá leasaithe, tá sé de chúram ar an Ombudsman do Leanaí monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú Acht 2002 agus moltaí comhfhreagracha a dhéanamh chun an reachtaíocht sin a leasú.

In 2021, choimisiúnaigh an OOL athbhreithniú neamhspleách ar Acht 2002. Cuireadh tuarascáil ar thorthaí an athbhreithnithe seo faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus cuireadh iad isteach faoi bhráid an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i mí na Samhna 2022. Tá roinnt mholtaí ar fáil sa tuarascáil seo maidir le neamhspleáchas agus croífheidhmeanna reachtúla an OOL lena n-áirítear:

- Athruithe ar an maoiniú, ar na socruithe earcaíochta agus rialachais atá i

bhfeidhm ar mhaithe le neamhspleáchas an OOL a neartú níos mó

- Leathnú ar fheidhm ghearán reachtaíochta go dtí:
- daoine óga faoi 18 agus níos sine i gcásanna áirithe teoranta, is é sin meánscoileanna, iarchúram agus Baile an Oibricigh
- timpeallachtaí faoi úinéireacht phríobháideach a fhaigheann maoiniú Stáit
- Má dhéantar alt 9(2) d'Acht 2002 a aisghairm, bheadh bac ar ghearáin faoi ghníomhartha riaracháin scoileanna a ndearna an OOL fiosrú orthu mura mbaineadh úsáid agus triail as nósanna imeachta gearán áitiúla i scoileanna cheana féin.

Luann an OOL moltaí a rinne Coiste na NA um Chearta an Linbh maidir leis seo ina Bhreathnuithe Deiridh d'Éirinn a foilsíodh i mí Feabhra 2023. Le linn 2023, beidh obair á dul chun cinn againn chun leasuithe a dhéanamh ar Acht 2002 a eascraíonn as an athbhreithniú neamhspleách ar ár reachtaíocht a cuireadh i gcrích in 2022.

16

Ceartha an linbh a phríomhshruthú sa bheartas náisiúnta

Creatlach an pholasaí náisiúnta do leanaí agus daoine óga

I mí Eanáir 2022, lainseáil an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige comhairliúchán poiblí ar an gcéad chreatlach polasaithe Rialtais eile le haghaidh leanaí agus daoine óga in Éirinn. Beidh an creat seo mar chomharba ar Thorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus Do Dhaoine Óga, 2014-2020 (BOBF).

Rinneamar aighneacht faoin mbeartas nua molta i mí an Mhárta 2022. Chuireamar an méid seo a leanas san áireamh; an t-amlíne cúig bliana a bhí molta don chreatlach nua, an gá don chreatlach breisluach a sholáthar laistigh de thimpeallacht bheartais phoiblí phlódaíthe, mar aon le forbairtí níos leithne a mbíonn tionchar acu ar leanaí agus a gcearta. Mholamar go bhféadfadh an chreatlach nua tabhairt faoi cheithre sprioc ghaolmhara go húsáideach:

- Ceartha an linbh a phríomhshruthú
- Dul chun cinn áiteanna a bhfuil tionchar acu ar leanaí agus a gcearta a neartú
- Dul i ngleic leis na míchothromaíochtaí agus na míbhuntáistí leanúnacha atá ag grúpaí leanaí áirithe, agus
- Tacaíocht a thabhairt do leanaí i ndiaidh na paindéime agus réiteach a dhéanamh le haghaidh géarchéimeanna sa todhchaí.

Maidir le cearta leanaí a phríomhshruthú, molaimid don DCEDIY aird a tharraingt ar chéimeanna ginearálta le haghaidh feidhmiúchán na gcearta leanaí a d'aithin Coiste na NA um Chearta an Linbh (Coiste NA) agus sholáthraíomar gníomhartha sonracha bainteach leis na céimeanna ginearálta seo le cur isteach sa chreatlach nua.

Ag cur na torthaí téamacha in BOBF san áireamh mar aon le cur chuige Choiste na NA chun cearta leanaí a chruinniú, mholamar go mba chóir don chreatlach nua díriú ar sé réimse: cearta sibhialta agus saoirse, cosaint ó fhoréigean agus míchleachtas,

cúram teaghlaigh agus malartach, sláinte, caighdeán maireachtála, agus gníomhaíochtaí oideachais, fóillíochta agus cultúrtha. Faoi gach ceann de na sé réimse seo, d'aithníomar tosaíochtaí don DCEDIY le hathbheithniú a dhéanamh orthu.

I mí Lúnasa 2022, d'fhoilsigh an DCEDIY treoirphlean do Chreatlach an Pholasaí nua. Tá sé spreagúil mar léiríonn an treoirphlean roinnt mhaith príomh-mholtaí agus tosaíochtaí a leagadh amach inár n-aighneacht, lena n-áirítear na comharthaí a léiríonn an treoirphlean go:

- mbeidh an chreatlach bunaithe ar príomhphrionsabail chearta leanaí,
- soláthróidh an chreatlach ardán le cearta leanaí agus daoine óga a aithint,
- ndíreoidh an chreatlach ar ghníomhartha córasleibhéil lena chinntiú go bhfuil cearta agus riachtanais leanaí lárnach i mbreithnithe, agus
- gcuirfidh an chreatlach 'spotsoilse' ar na réimsí is deacra do leanaí agus daoine óga, ach go háirithe iad siúd atá leochaileach.

Léirigh an DCEDIY roimhe seo mbeidh obair le críoch a chur ar an gcreatlach nua bainteach le breathnuithe deiridh Choiste na NA i ndiaidh a iniúchta agus a chomhrá fiúntaigh le Stáit Pháirtí na hÉireann. Dá réir sin, táimid ag súil go léireoidh an chreatlach, ar bhonn soiléir agus follasach, na moltaí a rinne Coiste na NA ina Bhreathnuithe Deiridh d'Éirinn i mí Feabhra 2023. Ina thaobh seo, luaimid ach go háirithe moltaí Choiste na NA, go mba chóir go gcuimseodh an chreatlach na réimsí ar fad a chlúdaigh an UNCRC agus go mba chóir 'fócas ar chearta leanaí a phríomhshruthú agus cur chuige leanaí atá ceartabhunaithe a le haghaidh cinnteoireacht bainteach le páistí agus dul i ngleic le héagothroime agus leithcheal' a chur san áireamh.

An Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Teaghlaigh, Foréigean Gnéasach agus Foréigean Bunaithe ar Inscne

In 2021, d'iarr an Roinn Dlí agus Cirt ar OOL chun glacadh le ról faoin Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Teaghlaigh, Foréigean Gnéasach agus Foréigean Bunaithe ar Inscne a bhí le tarlú go luath ag an am sin maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le leanaí. Bhuail muid leis an Roinn Dlí agus Cirt cúpla uair in 2022 agus d'aontaigh muid chun glacadh le ról faoi Cholún Comhordaithe Beartas na Straitéise maidir le leanaí agus cearta leanaí, ar an gcoinníoll go gcuirfí acmhainní breise ar fáil chun sin a dhéanamh.

I Meitheamh 2022 d'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt, Helen McEntee, TD, an Tríú Straitéis agus an Plean Feidhmithe a ghabhann léi. Tá sé luaithe iontu go mbeidh sé mar ról ag OOL 'tacaíocht agus comhairle neamhspleách a chur ar fáil maidir le feidhmiú na Straitéise, le haird ar leith ar an dóigh a dtéann príomhchuspóirí, bearta, beartais agus caighdeáin i bhfeidhm ar leanaí agus ar an dóigh a ndéantar iad a threorú ag leanaí. Níor thosaigh OOL obair go fóill faoin Straitéis de thairbhe saincheisteanna maidir le hacmhainní a chur ar fáil. Ach lean an oifig le teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Dlí agus Cirt, áfach, le linn 2022 d'fhonn glacadh go gníomhach leis an ról sin sa todhchaí.



17

Reáchtáil na hOifige

Buiséad 2022

Leithdháiltear buiséad an OCO tríd an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíocht agus Óige agus déantar é a tharraing anuas ar bhonn rialta i rith na bliana. In 2022, bhí €3.495 milliún (2021: €2.95m) mar bhuiséad againn a bhí caite go hiomlán ag deireadh na bliana.


Mar atá leagtha amach in Alt 17(1) agus in Alt (2) den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002, tá an tOmbudsman do Leanaí freagrach as Ráitis Airgeadais a ullmhú, as rialtacht idirbhearta na hOifige a chinntiú, agus as comhlíonadh an Chóid Chleachtais maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú a áirithiú. Tá na Ráitis Airgeadais faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Déanfar iniúchadh ar chuntais 2022 idir mhí an Mheithimh agus mhí Iúil 2023, agus is é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste a dhéanfaidh é. De réir Alt 17(2) den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002, chuir Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste na dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 isteach lena n-íniúchadh faoin 31 Márta 2023. Nuair a bheidh siad ceadaithe

ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, foilseofar na Ráitis Airgeadais don bhliain 2022 ar shuíomh gréasáin an OOL, mar a rinneadh i mblianta roimhe seo. Sholáthair Cuntasóirí Cairte Mazars ár bhfeidhm iniúchta inmheánaigh, agus rinne siad athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha in Q1 de 2023. Rinne siad iniúchadh freisin ar Chreatlach Rialachais an OOL in Q4 2022.

Is é seo a leanas briseadh síos ár gcaiteachais (i ndiaidh na costais taca a leithroinnt, lena n-áirítear an tOmbudsman):



Expenditure 2022



Earcaíocht 2022

Ag tús 2022, bhí 34 ball foirne buan ag an OOL. Faoi dheireadh 2022, bhí 37 ball foirne buan ann. Díriodh ar an bhfoireann OOL a chomhdhlúthú in 2022, i ndiaidh di fás ó 23 ball foirne ó 2020 i leith.

Deireadh 2022
37 ball foirne

Tús 2022
34 ball foirne

2020
23 ball foirne

Obair Chumaiscthe san OOL

Chuir an Oifig obair chumaisc ar bhonn piolótach i bhfeidhm in 2022, agus tá ár mbeartas oibre cumaiscí á chur i bhfeidhm faoi láthair agus tá sé bunaithe ar an gCreatlach DPER.

Aistríodh an Oifig go dtí seirbhís deisce dhír-rochtana an OGCIÓ in 2021, agus chabhraigh sé seo go mór le hobair chumaisc a éascú le cead a thabhairt don fhoireann tabhairt faoin obair ó áit ar bith. Chabhraigh ceannachán trealaimh fhíseáin nua in 2022 le hobair chumaisc a chur i bhfeidhm níos mó trí chruinnithe agus imeachtaí hibrídeacha a éascú.

Bonneagar TFC an OCO

Ó 2021 i leith, tugann Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) tacaíocht don Oifig maidir lenár riachtanais deisce. Chuir an Oifig dhá fheidhm chriticiúla i bhfeidhm in 2022 a bhí ar fáil ó fhoireann feidhmeanna Build to Share an OGCIO. Is córas bainistíochta taifeadtaí leictreonach é eDocs agus cuireadh é i bhfeidhm in Q1 2022. Is córas bainistíochta bunachair sonraí é eCase agus cuireadh é i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt dár gcásanna Gearán agus Iniúchtaí a bhainistiú in Q4 2022.

Mar chuid dár bPlean Straitéiseach 2022-2024, tá sé i gceist againn níos mó feidhmeanna Build to Share a chur i bhfeidhm lena n-áirítear ePQ, eForms, Helpdesk agus the Hive idir 2023 agus 2024.

Dualgas Comhionannais agus Ceart Daonna na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme

Tá an Oifig tiomanta dár nDualgas Earnála Poiblí a chomhlíonadh. Inár bPlean Straitéiseach do 2022-2024 táimid tiomanta do mheasúnú a dhéanamh ar na saincheistanna comhionannais agus ceart daonna a bhaineann lenár gcuspóir agus lenár bhfeidhmeanna. Tabharfaimid aghaidh ar na saincheistanna a ardaíodh sa mheasúnú seo agus tuairisceoidimid ar ár ndul chun cinn gach bliain inár dtuarascáil bhliantúil ar bhealach a bheidh inrochtana don phobal.

Fuinneamh

I mí na Nollag 2009, thug an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha éifeacht do Threoir 2006/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2006, agus rinne sé Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Úsáide Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) Rialacháin 2009 (I.R. 542 de 2009). Ceanglaítear leis na Rialacháin ar eagraíochtaí earnála poiblí tuarascáil a thabhairt gach bliain ó Eanáir 2011 i leith ar a n-úsáid fuinnimh agus ar na bearta arna ndéanamh chun ídiú a laghdú.

In 2021, bhain an OOL úsáid as XkWh (2021: 77,013kWh) leictreachais, méadú X% ar 2021. Leanann an OCO le córas cuimsitheach inmheánach athchúrsála a fheidhmiú. Bhíomar i dteagmháil le feachtas Optimising Power@ Work de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí, agus táimid gníomhach ag cuardach bealaí chun úsáid cumhachta a laghdú.

Saoráil um Fhaisnéis

Faoi alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 (Acht SF), tá oibleagáid ar an OCO scéim um fhoilsiú a ullmhú agus a fhoilsiú. Is é an cuspóir leis an scéim sin soláthar faisnéise a éascú a mhéid is féidir, ach amháin faisnéis atá díolmhaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise nó lasmuigh de. In 2022 fuaireamar agus phróiseáladar 11 n-iarratas SF.

Cosaint agus Dualgais Leasa Leanaí

Cé nach comhlacht faoi shainordú é an OOL, tá dualgais air faoi Acht um Thús Áite do Leanaí 2017. Áiríonn sé seo dhá athbhreithniú bhliantúla a dhéanamh ar ár bpolasaithe agus nósanna imeachta maidir le cosaint agus leas leanaí agus ráiteas cosanta leanaí. Rinneamar suirbhé in 2022 ar an bhfoireann ar fad san oifig chun an athbhreithniú seo a chur ar an eolas. Bunaithe ar fhreagraí agus riachtanais ár bhfoirne, rinneamar uasdátú ar ár n-anailís riosca ar chosaint agus leas leanaí agus ar an ráiteas cosanta leanaí chun foghlaim, cleachtas forbartha agus saincheisteanna atá ag teacht aníos a léiriú. Tá ár bpolasaithe agus nósanna imeachta ar fáil ar ár [suíomh gréasáin](#).

An Ghaeilge

Tá an dara Scéim Ghaeilge ar bun ag Oifig an Ombudsman do Leanaí, agus léiríonn sé go bhfuil an comhlacht tiomanta do níos mó seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil don phobal. Rinneadh iniúchadh ar an Scéim Ghaeilge in 2022 agus tugadh roinnt chéimeanna isteach lena n-áirítear sínithe uasdátaithe a bhí tugtha isteach. Bhí an OOL bainteach le huasdátuithe freisin ar na leasuithe a rinneadh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla i dtaca le dualgais fógraíochta as Gaeilge.



Oifig an Ombudsman do Leanáí
Teach na Milaoise
52–56 Sráid na Trá Mhór
Baile Átha Cliath 1
D01 F5P8

T: 01 865 6800
E: oco@oco.ie
www.oco.ie
🐦 @OCO_Ireland



ombudsman
do leanáí
for children